



Ag Foghlaim Chun Dul Ag Múineadh

*Mic Léinn Ar Chleachtadh Múinteireachta I
mBunscoileanna Na hÉireann*



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS EOLAÍOCHTA | AND SCIENCE

AN CHIGIREACTH

Ag Foghlaim Chun Dul Ag Múineadh

Mic Léinn Ar Chleachtadh Múinteoireachta I mBunscoileanna Na hÉireann

Réamhfhocal	v
Admhálacha	vi
RÉAMHRÁ	1
CAIBIDIL 1: CÚLRA	3
CAIBIDIL 2: MODHEOLAÍOCHT MHEASTÓIREACHTA	7
CAIBIDIL 3: CAIGHDEÁN NA PLEANÁLA AGUS AN ULLMHÚCHÁIN	11
CAIBIDIL 4: CAIGHDEÁN AN TEAGAISC	15
CAIBIDIL 5: CAIGHDEÁN NA FOGHLAMA	25
CAIBIDIL 6: CAIGHDEÁN NA MEASÚNACHTA	29
CAIBIDIL 7: GRÁDÚ OBAIR NA n-ÁBHAR MÚINTEOIRÍ AR AN IOMLÁN	33
CAIBIDIL 8: PRÍOMHORTHATHAÍ AGUS MÓR-MHOLTAÍ	35
CAIBIDIL 9: AG BREATHNÚ ROMHAINN	37
AGUISÍN 1	
Sceideal a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar obair na n-ábhar múinteoirí ar chleachtadh múinteoireachta	40
TAGAIRTÍ	44

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006

Deartha ag Slick Fish Design

Le ceannach díreach ó

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid an Mhóta, Baile Átha Cliath 2

nó trína ordú tríd an bpost ó

Foilseacháin Rialtais
Rannán Post-Tráchta
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-647 6834

Facs: 01-647 6843

€10.00



RÉAMHFHOCAL ÓN bPRÍOMHCHIGIRE



Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na coláistí a chuireann cláir oideachais tosaigh ar fáil do mhúinteoirí bun scoile, tiomanta do na caighdeáin is airde a dheimhniú chun múinteoirí nua a ullmhú go proifisiúnta. Tá obair déanta as lámha a chéile ag an gCigireacht agus ag na coláistí le blianta fada agus, mar chuid thábhachtach dá dualgas oibre maidir le dearbhú cáilíochta, déantar meastóireacht ar an obair a dhéanann sampla mac léinn tráth a bhíonn siad ag críochnú a dtréimhse dheiridh ar chleachtadh múinteoireachta.

Le linn na scoilbhliana 2003/04 rinne an Chigireacht athbhreithniú struchtúrtha ar chleachtadh múinteoireachta, agus an fócas dírithe acu ar an obair a rinne sampla mac léinn as cúig choláiste a bhfuil baint acu le hoideachas tosaigh mhúinteoirí don teagasc bun scoile in Éirinn. Bhreathnaigh cigirí ar ábhair mhúinteoirí agus iad i mbun oibre i seomraí ranga agus rinne siad meastóireacht ar an gcleachtadh i gceithre bhunréimse: pleanáil, teagasc, foghlaim agus measúnacht. D'ullmhaigh an Chigireacht tuarascáil ar leith do gach coláiste, agus leagadh béim ar thorthaí na meastóireachta i ngach ceann de na bunréimsí a athbhreithníodh.

Ullmhaíodh an tuarascáil ilchodach seo, atá bunaithe ar na cúig thuarascáil ar leith do na coláistí, chun forbheathnú a chur ar fáil ar na príomhthreochtaí i gcaighdeáin an chleachtais tríd an sampla iomlán a athbhreithníodh. Pointe tagartha úsáideach é an foilseachán seo, dá bhrí sin, maidir le caighdeán an teagaisc ag tráth cinniúnach i múnú proifisiúnta múinteoirí.

Táthar ag súil go gcuirfidh na torthaí agus na moltaí go suntasach le forbairt bhreise an pholasaí agus an chleachtais san oideachas tosaigh do mhúinteoirí go coitianta, agus go bhfeabhsóidh siad gné an chleachtaidh mhúinteoireachta go háirithe. Tá mé cinnte go mbeidh an tuarascáil ina hábhar spéise ag an bhfoireann, ag an mbainistíocht agus ag na gobharnóirí sna coláistí, agus ag comhghleacaithe a bhfuil baint acu le gnéithe eile den chointeanóid oideachais do mhúinteoirí. Déanfaidh comhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta scrúdú gearr ar an tuarascáil freisin, iad siúd a bhfuil freagracht orthu maidir le polasaí oiliúna múinteoirí a fhorbairt.

Agus an tuarascáil seo á foilsiú, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair fhiúntach a rinne na coláistí, chomh maith leis na scoileanna ina raibh na mic léinn ag teagasc, agus ar ndóigh, tugtar aitheantas ar leith do na hábhair mhúinteoirí a bhí ina ndlúth chuid den mheastóireacht seo.

Eamon Stack
Príomhchigire

Gabhann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta buíochas mar gheall ar choimhoibriú agus chúnaimh bhainistíocht agus fhoireann chleachtadh múinteoireachta na gcoláistí oideachais agus an suirbhé seo á chur i gcrích. Tugtar buíochas ar leith do na príomhoidí agus do na múinteoirí sna scoileanna sin ina raibh na hábhair mhúinteoirí ag teagasc, agus, ar ndóigh, aithnímid an méid a rinne na mic léinn féin.

Tugtar aitheantas ar leith d'obair chomhaltaí na Cigireachta a raibh baint dhíreach acu leis an mheastóireacht: Pat O'Neill, Carmel O'Doherty, Máire Ní Ghógáin, Éamon Mac Coitir, Éamon Ó Breacháin, Eoghan Ó Súilleabháin, Seán Ó Cearbhaill, Risteard Ó Broin, agus Séamus Caomhánach.

Chuir Gearóid Ó Conluain, Leas-Phríomhchigire, agus Éamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta, comhairle luachmhar ar fáil ag céimeanna éagsúla den obair seo. Thug Bernie Flannery ó Oifig na Cigireachta, Sligeach, tacaíocht fhiúntach riaracháin agus rinne Risteard Ó Broin, Roinnchigire, an tionscadal a stiúradh faoi threoir Emer Egan, Príomhchigire Cúnta Forannán Tacaíochta Beartais Oideachas Múinteoirí.

RÉAMHRÁ

Tuarascáil is ea *Ag Foghlaim chun dul ag Múineadh* a dhéanann cur síos ar mheastóireacht a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar chaighdeán an teagaisc ag sampla mac léinn i gcúig choláiste oideachais in Éirinn. Cuireadh an mheastóireacht i gcrích i rith na scoilbhliana 2003/04 tráth a bhí na mic léinn ag críochnú a dtréimhse dheiridh ar chleachtadh múinteoireachta i scoileanna. Rinneadh meastóireacht ar 143 mac léinn i mbun teagaisc. Is ionann é seo agus 10% den chohórt mac léinn ceannchúrsa a bhí ag déanamh staidéir do chéim bhaitisiléara san oideachas (B. Oid) nó do dhioplóma iarchéime i dteagasc bunscoile.

Is í fiúntas an mhúinteora an athróg scoile is tábhachtaí a mbíonn tionchar aici ar ghnóthachtáil mhac léinn (OECD, 2005, lch. 26). Ar an gcúis sin amháin, is fiú breathnú ar ghnéithe de chaighdeán na gclár oideachais do mhúinteoirí agus scrúdú a dhéanamh, ar leibhéal polasaí, ar na tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar acmhainn na múinteoirí. Aithnítear nach é amháin gur chóir go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag múinteoirí ar an gcuraclam ach go mbeidís cumasach, intleachtach, agus iad ábalta ar iad féin a chur in iúl, iad eolasach, agus cumas machnaimh, cumarsáide agus pleanáil go córasach a bheith acu (OECD, 2005, lch. 99). Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de chaighdeán an mhúinteora trí úsáid a bhaint as táscairí ar nós tástálacha ar chumas agus ar cháilíochtaí acadúla agus ar thaithí i scoileanna. Tá tréithe eile i gceist, áfach, atá níos deacra a thomhas ach atá tábhachtach i gcás chaighdeán foghlama daltaí. Orthu sin tá, ábaltacht ar smaointe a chur in iúl go soiléir, áitithe; timpeallachtaí foghlama éifeachtúla a chruthú; dea-chaidreamh múinteora is dalta a chothú; a bheith cruthaitheach agus díograiseach; agus oibriú go héifeachtúil le comhghleacaithe agus le tuismitheoirí.

Ag cur castachtaí na múinteoireachta san áireamh, chomh maith leis na dúshláin atá roimh mhúinteoirí i sochaí eolas-bhunaithe, dhinimiciúil an lae inniu, is gníomhaíocht thábhachtach éiliteach í oideachas tosaigh a chur ar fáil do mhúinteoirí. Ní sprioc inti féin í an t-oideachas tosaigh do mhúinteoirí, mar a thuigtear inniu í, ach bunchloch d'fhorbairt phroifisiúnta chomhleanúnach mhúinteoirí. Tuigtear gurb é an clár oideachais tosaigh do mhúinteoirí an chéad chéim ar chointeanóid a shíneann trí insealbhú agus tríd an bhforbairt phroifisiúnta leanúnach ina gcuirtear feabhas trína saol proifisiúnta ar fad ar eolas agus ar scileanna múinteoirí.

Gné lárnach de gach clár oideachais do mhúinteoirí in Éirinn is ea taithí i scoileanna nó cleachtadh múinteoireachta a sholáthar d'ábhair mhúinteoirí. Le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta, tugtar deiseanna do mhic léinn breathnú ar mhúinteoirí bunaithe i mbun oibre agus scileanna praiticiúla a fhorbairt, go háirithe i réimsí na pleanála, an teagaisc, i mbainistíocht an tseomra ranga agus i ngníomhaíochtaí foghlama a eagrú do dhaltaí. Lena chois sin, agus mic léinn ar chleachtadh múinteoireachta, bíonn deis ag na húdaráis choláiste meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre sa seomra ranga, go háirithe sna bealaí cumarsáide agus idirghníomhaíochta a bhíonn acu le daltaí, agus ar an gcaoi a ndéanann siad pleanáil agus bainistíocht ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Ar deireadh thiar, tugann cleachtadh múinteoireachta bealach do na coláistí chun meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an ábhair mhúinteora don teagasc.

Tá *Ag Foghlaim chun dul ag Múineadh* leagtha amach i naoi gcaibidil. I gCaibidil 1 tugtar eolas cúlrach agus forbheathnú achomair ar na socruithe don chleachtadh múinteoireachta sna cúig choláiste. I gCaibidil 2 déantar cur síos ar chuspóir agus ar réimse na meastóireachta agus tugtar sonraí maidir le roghnú sampla na mac léinn. Ina theannta sin, leagtar amach na gnáthaimh agus srianta na meastóireachta mar aon le cuntas ar an gcaoi a gcuirtear na torthaí i láthair agus a ndéantar anailís orthu. I gCaibidilí 3-6, leagtar amach i ngach ceann díobh ar leith, na torthaí agus na moltaí meastóireachta a bhaineann le caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin, caighdeán an teagaisc, caighdeán na foghlama agus na bpróiseas measúnachta. I gCaibidil 7 tugtar achoimre ar na torthaí iomlána, agus i gCaibidil 8, cuirtear conclúidí agus moltaí i láthair. I gCaibidil 9, ar deireadh, déantar scrúdú ar *Ag Breathnú Romhainn*, forbairt an oideachais do mhúinteoirí i gcomhthéacs atá i mbun claochlaithe.

Forbhreathnú ar chleachtadh múinteoireachta i dtíortha an OECD

Gné choitianta de na cláir oideachais do mhúinteoirí i dtíortha an OECD is ea taithí allamuigh nó cleachtadh múinteoireachta a chur ar fáil d'ábhair mhúinteoirí. Bíonn tréimhse an chleachtaidh mhúinteoireachta an-éagsúil ó thír go tír. Bíonn tréimhsí gearra sa seomra ranga i gceist ar roinnt clár, agus bíonn intéirneachtaí bliana ar roinnt eile díobh ina leagtar dualgais teagaisc rialta ar mhic léinn. Tá athmhachnamh ar bun ag móran tíortha de chuid an OECD anois ar ról an chleachtaidh mhúinteoireachta. Tugtar taithí i scoileanna, níos mó ná riamh, do mhic léinn agus é sin níos luaithe ar a gclár oideachais múinteoireachta, agus cuimsíonn an cleachtadh sin dualgais na múinteoirí lasmuigh den seomra ranga, go háirithe i réimsí ar nós forbairt churaclaim agus pleanáil forbartha scoile, taighde, measúnacht, agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le páirtnéirí seachtracha. Ina theannta sin, táthar á iarraidh ar ábhair mhúinteoirí i mórán tíortha san OECD roinnt ama a thabhairt i mbun breathnaithe i seomraí ranga, teagasc a chur ar leanaí indibhidiúla nó ar ghrúpaí beaga nó tamall a thabhairt mar chúntóirí do mhúinteoirí, sula dtéann siad i mbun an chleachtaidh mhúinteoireachta féin. Tá ag treisiú ar an nós go mbunófaí páirtnéireachtaí sonracha scoile agus coláiste a chruthaíonn nascachtaí idir obair chúrsa oiliúna múinteoirí agus an cleachtadh scoile (OECD, 2005, lch 108).

Coláistí oideachais in Éirinn

Tá cúig choláiste in Éirinn a sholáthraíonn cúrsaí lánaimseartha in oideachas tosaigh mhúinteoirí as a dtagann cáilíocht atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun críche fostaíochta mar mhúinteoir bunscoile. Is iad na cúig choláiste:

- Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath
- Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath
- Coláiste Oideachais Froebel, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath
- Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
- Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath

Tá na coláistí ar fad cleamhnaithe le hollscoil agus soláthraíonn siad cúrsaí fochéime as a dtagann céim bhaitsiléara san oideachas (B Oid). Ina theannta sin, cuireann ceithre cinn de na cúig choláiste cúrsaí iarchéime ar fáil as a dtagann ard-diplóma i dteagasc bunscoile; cuireann Coláiste Eaglais na hÉireann cúrsaí céime ar fáil d'fhochéimithe amháin. Le blianta beaga, tugadh aitheantas don ard-diplóma sna healaíona in oideachas bunscoile, cúrsa ar-líne do mhic léinn iarchéime a chuireann Coláiste Hibernia ar fáil, mar cháilíocht sa teagasc bunscoile; nuair a chuathas i mbun an tsuirbhé seo ar chleachtadh múinteoireachta, áfach, ní raibh mic léinn a bhí cláraithe i gColáiste Hibernia tosaithe fós ar a dtréimhse cheannchúrsa sa chleachtadh múinteoireachta i scoileanna. Ar an gcúis sin, níor cuireadh mic léinn as Coláiste Hibernia san áireamh sa mheastóireacht seo.

Struchtúr an chleachtaidh mhúinteoireachta sna coláistí

Tá an soláthar don chleachtadh múinteoireachta éagsúil ó choláiste go chéile sa chaoi a n-eagraítear é, sa mhéid ama a thugtar dó, agus sa chaoi a ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn na mac léinn. Go ginearálta, caitheann mac léinn an cúigiú cuid dá thréimhse ar an gcoláiste ar chleachtadh múinteoireachta (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2002, lch 120). Tá gréasán scoileanna bunaithe ag gach ceann de na coláistí a seolann siad mic léinn chucu ar chleachtadh. Tá dlúthchaidreamh oibre agus páirtnéireachtaí neamhfhoirmeálta bunaithe i mórán cásanna, ach níl aon chonarthaí foirmeálta idir na scoileanna agus na coláistí maidir le cleachtadh múinteoireachta ná maidir le coinníollacha a chur ar fáil a rialaíonn láithriú na mac léinn.

Cuireann an chuid is mó de na coláistí bloc-láithriú ar fáil trína dtugann mic léinn trí sheachtain ar a laghad i scoileanna, le linn théarmaí an fhómhair agus an earraigh de ghnáth. Téann mic léinn i mbun tréimhse chleachtaidh mhúinteoireachta amháin ar a laghad i scoil ina gceantar dúchais féin. Braitheann an méid ama a thugann mic léinn i mbun teagaisc ar an mbliain den chúrsa ina bhfuil siad, is é sin an chéad, an dara nó an tríú bliain. Méadaíonn sé de ghnáth ó thrí cheacht a theagasc in aghaidh an lae sa chéad bhliain go dtí lá iomlán i mbun teagaisc sa dara agus sa tríú bliain. Bíonn na riachtanais don chleachtadh múinteoireachta éagsúil ó choláiste go chéile freisin, ach de ghnáth, tugann mic léinn B Oid idir ocht seachtain déag agus dhá sheachtain is fiche ar thaithí scoile i gcaitheamh an chláir trí bliana, agus tugann iarchéimithe thart ar dheich go dtí cúig sheachtain déag i scoileanna i gcaitheamh an chláir dhioplóma ocht mí dhéag. I gcoitinne, tugtar deiseanna do mhic léinn cuairt a thabhairt ar na scoileanna roimh chleachtadh múinteoireachta chun labhairt leis an oide ranga, bualadh leis na daltaí, leis an bpríomh oide agus le baill eile den fhoireann. Caitheann mic léinn, go háirithe sa chéad bhliain agus sa dara bliain, roinnt ama ar thréimhse bhreathnadóireachta sna scoileanna. Sna ranganna príomhshrutha a bhíonn na tréimhsí taithí scoile le linn an chláir B Oid. Ina theannta sin, cuirtear sraith-thréimhsí nó bloc-thréimhsí ar fáil do mhic léinn dara bliain agus tríú bliain B Oid, agus do mhic léinn dioplóma iarchéime chun breathnú ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Socraíonn an chuid is mó de na coláistí tréimhsí teagaisc ar bhealach a chinntíonn go mbeidh taithí faighte ag mic léinn ar theagasc ar leibhéal ranganna éagsúla faoin tráth a shroicheann siad an bhliain dheiridh. Tá sé mar sprioc ag na coláistí freisin, taithí a thabhairt do mhic léinn i dtimpeallachtaí éagsúla: i ranganna aonghráid agus ilghrád, i scoileanna uirbeacha agus tuaithe, i scoileanna lán-Ghaeilge, agus i scoileanna do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Ceisteanna praiticiúla maidir le láithriú mac léinn ar chleachtadh múinteoireachta

Baineann deacrachtaí móra le líon mór mac léinn a láithriú ar chleachtadh múinteoireachta i scoileanna. Faoi na húdaráis scoileanna atá sé glacadh leis na mic léinn ar chleachtadh múinteoireachta. Tugann múinteoirí mic léinn isteach ina seomraí ranga go deonach, agus ní ghlacann siad féin páirt fhoirmeálta ar bith i monatóireacht ná i meastóireacht a dhéanamh ar obair na mac léinn. Tuairiscíonn Cannon (2004) go bhfuil ag méadú ar imní na gcoláistí mar gheall ar a gcumas an t-éileamh ar láithriú na mac léinn a mheaitseáil le soláthar na seomraí ranga. Tá scoileanna, mar eagraíochtaí dinimiciúla, ag éirí níos casta agus iad ag plé le leanaí ó réimse cúlraí eitneacha agus sóisialta. Tá, ina theannta sin, curaclam scoile nua



á chur i bhfeidhm. Dá bharr seo ar fad, bíonn doicheadall uaireanta ar roinnt scoileanna glacadh le mic léinn sna seomraí ranga (Cannon, 2004, lch. 26, 27), go háirithe na scoileanna i gceantair ina bhfuil éileamh rialta ar thréimhsí cleachtaidh mhúinteoireachta.

An chaoi a ndéanann coláistí meastóireacht ar mhic léinn ar chleachtadh múinteoireachta

Leagann na coláistí ar fad amach riachtanais shonracha dá gcuid mac léinn maidir le planáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach, ceachtanna a ullmhú, feidhmíocht sa seomra ranga, agus measúnacht ar dhaltáí. Cuirtear mic léinn ar an eolas freisin i dtaobh na gcomhghnás a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le scoileanna, plé le daltaí, poncúlacht, tinreamh, agus éadaí oiriúnacha a chaitheamh. Le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta ní mór do mhic léinn a smaointe a bhreacadh ar a gcuid teagaisc agus meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe dá gcuid oibre féin.

Mar gheall ar líon méadaithe na mac léinn sna coláistí ar fad, ní mór maoirseoirí seachtracha a fhostú de bhreis ar chomhaltaí foirne na gcoláistí chun measúnacht a dhéanamh ar na mic léinn ar chleachtadh múinteoireachta. Cuireann na maoirseoirí comhairle ar na mic léinn chomh maith le measúnacht a dhéanamh orthu. Príomhoidí bunscoile ar scor nó comhaltaí den Chigireacht ar scor iad mórán de na maoirseoirí seachtracha. Tar éis gach cuairt ar an seomra ranga tugann an maoirseoir aischothú láithreach de bhéal nó i scríbhinn don mhac léinn. Sonraítear san aischothú seo, na láidreachtaí agus na laigí mar aon le straitéisí feabhsaithe. Tá critéir ag na coláistí ar fad chun obair na n-ábhar múinteoirí a mheasúnú, go háirithe i réimsí planála agus ullmhúcháin, agus i bhfeidhmíocht sa seomra ranga. Ní mór do na maoirseoirí foirmeacha measúnachta a chomhlánú do gach mac léinn agus a mbreith féin a thabhairt mar chuid den ghrádú deiridh a dheimhniú ar an gcleachtadh múinteoireachta do gach mac léinn. Tá próiseas modhnóireachta inmheánach i ngach coláiste chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach grád ar chleachtadh múinteoireachta cothrom agus de réir a chéile. Lena chois sin, déantar maoirseacht bhreise ar na gnáthaimh agus ar na gráid sa chleachtadh múinteoireachta faoin gcóras modhnóireachta seachtrach a fheidhmítear trí struchtúr na n-ollscoileanna.

Riachtanas bunúsach sna coláistí ar fad é pas a ghnóthú sa chleachtadh múinteoireachta chun dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile den chúrsa. Tá dul chun cinn suntasach déanta sna coláistí, le blianta beaga, i réimsí tacaíochtaí a chur ar fáil chun cúnamh a thabhairt do mhic léinn laga caighdeáin shásúla teagaisc a bhaint amach. De thoradh na hidirghabhála seo, cuirtear mic léinn faoi chúram comhairleoireachta má theipeann orthu go seasta agus comhairlítear dóibh breithniú an athuair ar a n-oiriúnacht do ghairm an mhúinteora. Tá an ráta teipe sa chleachtadh múinteoireachta an-íseal sna coláistí ar fad. Cé go bhfuil éagsúlacht sna cleachtais mheastóireachta ar mhic léinn ó choláiste go chéile, tugann siad ar fad ualú suntasach don fheidhmíocht sa seomra ranga. Tugtar céatadán ard de na marcanna iomlána ar oideachas sa chéim B Oid don chleachtadh múinteoireachta sna coláistí ar fad. Réamhchoinníoll is ea pas sa chleachtadh múinteoireachta don chéim, sna coláistí ar fad (Cannon, 2004, lch. 26, 27).

Gafacht na Cigireachta sa mheastóireacht ar chleachtadh múinteoireachta

Tá ról ag an gCigireacht, in éineacht leis na coláistí, i monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán cleachtaidh mhúinteoireachta na mac léinn ceannchúrsa ó bunaíodh an Stát. Téann an oiliúint thosaigh do mhúinteoirí bunscoile siar go dtí bunú na scoileanna náisiúnta sna 1830í. Tar éis neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach, chuir na coláistí oiliúna cúrsa oiliúna dhá bhliain ar fáil in institiúidí aonghnéis, sainchreidmheacha ina raibh béim mhór ar shóisialú na mac léinn chun tasc a bhí sainithe go soiléir a chur i gcrích sna scoileanna. Faoi 1933 leagadh creatlach nua ar an gcúrsa staidéir sna coláistí. Faoi n-éireadh seo roinneadh an cúrsa i dtrí chomhpháirt: cúrsa proifisiúnta i staidéar oideachasúil, oideachas ginearálta in ábhair acadúla, agus cúrsa roghnach. “Teagasc praiticiúil” a tugadh ar chleachtadh múinteoireachta agus don chéad uair sna coláistí ba ghá go n-éireodh le mac léinn sa “teagasc praiticiúil” agus sna “prionsabail teagaisc” chun cáilíocht a bhaint amach. Eagraíodh an cleachtadh múinteoireachta de ghnáth i mbloc-thréimhsí, arbh ionann iad agus tréimhse sé sheachtain in aghaidh na bliana do gach mac léinn. Rinneadh an cleachtadh i scoileanna in aice láimhe a raibh ceangal acu leis na coláistí. Rinne cigirí sinsearach sa Roinn Oideachais mar a bhí, monatóireacht ar chaighdeán trí mheastóireacht a dhéanamh ar thrasghearradh de na hábhair mhúinteoirí gach bliain (Coolahan, 2004, lch. 3, 4).

Go sonrach, luann riail 153 (2) de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta

sula dtabharfar cúnamh do Choláiste Oiliúna ní mór don Aire a bheith sásta...go ndéantar soláthar oiriúnach faoina bhféadfaidh mic léinn, mar chuid dá n-oiliúint, cleachtadh a fháil ar theagasc faoi mhaoirseacht i scoileanna náisiúnta.

Tá cur síos i Roinn 13 den Acht Oideachais (1998) ar fheidhmeanna reachtúla na Cigireachta maidir le deimhniú caighdeáin, agus go háirithe maidir le meastóireacht obair scoileanna agus mhúinteoirí. Áirítear gur cuid thábhachtach de théarmaí tagartha meastóireachta na Cigireachta í an mheastóireacht ar chaighdeán teagaisc mhac léinn ceannchúrsa, mic léinn atá ar tí dul i mbun post mar mhúinteoirí i mbunscoileanna.

Cuspóirí na meastóireachta

Leagadh amach iad seo a leanas mar aidhmeanna ginearálta na meastóireachta:

- sonraí a bhailiú chun comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le gné an chleachtaidh mhúinteoireachta den chlár oideachais tosaigh do mhúinteoirí sna cúig choláiste
- tuarascáil chuimsitheach a chur le chéile mar thacaíocht do chinní beartais a dhéanamh sa todhchaí maidir le hoideachas tosaigh do mhúinteoirí
- comhpháirtíocht agus cumarsáid a chothú idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na coláistí
- aischothú a thabhairt do na coláistí chun breis forbartha a chothú i réimse an chleachtaidh mhúinteoireachta.

Scóip na meastóireachta

In Éirinn tá trí mhóraidhm mar bhonn leis an gCuraclam Bunscoile (1999): a chur ar chumas leaná saol iomlán a chaitheamh mar leaná agus a mianach a chruthú; a chur ar a gcumas forbairt mar neacha sóisialta trí mhaireachtáil le daoine eile agus trí chomhoibriú leo, agus leas na sochaí a dhéanamh dá réir; agus iad a ullmhú do bhreis foghlama agus don fhoghlaim fadsaoil. Lena chois sin, tá sainghnéithe agus sainaidhmeanna áirithe leata ar fud na réimsí curaclaim ar fad agus tá béim shuntasach iontu seo ar chaighdeán an teagaisc, ar chaighdeán na foghlama, ar mheasúnacht, agus ar phleanáil (An Curaclam Bunscoile: Réamhrá, lch. 7).

Agus na prionsabail teagaisc agus foghlama seo mar threoir, tugadh faoi mheastóireacht a dhéanamh ar obair an ábhair mhúinteora sna ceithre réimse seo a leanas:

- Pleanáil agus ullmhúchán
- Teagasc
- Foghlaim
- Measúnacht

Roghnú an tsampla

Chuir an mheastóireacht roimpi sonraí a bhailiú le linn chuartheanna cigirí ar sheomraí ranga, bunaithe ar bhreathnú ar shampla ábhar múinteoirí ceannchúrsa. Bhí baint ag naonúr cigirí ar fad leis an mheastóireacht; rinne roinnt díobh measúnacht ar mhic léinn ó bhreis agus coláiste amháin. I dtosach báire, sholáthraigh na coláistí ar fad liostaí de na mic léinn, ainmneacha agus seoltaí na scoileanna ina raibh siad ar chleachtadh múinteoireachta, na ranganna a bhí á dteagasc acu, agus sonraí teagmhála do na scoileanna. Ina theannta sin, sholáthraigh na coláistí torthaí sealadacha an chleachtaidh mhúinteoireachta don scoilbhliain 2003/04 nó gráid teagaisc do gach mac léinn do na blianta roimhe sin.

Agus an mheastóireacht á déanamh, aithníodh go raibh srianta ar na cigirí maidir leis an suíomh agus leis an am a bhí ar fáil chun na cuairteanna scoile a chur i gcrích. Dá bhrí sin, chun a dheimhniú go ndearnadh

meastóireacht ar thriúr mac léinn, nó mar sin, in aghaidh an lae, sonraíodh líomatáistí sainiúla do gach cigire. Laistigh de na líomatáistí seo, iarradh ar na cigirí sampla mac léinn a roghnú agus na critéir seo a leanas á n-úsáid acu:

- **Torthaí an chleachtaidh mhúinteoireachta.** Roghnaíodh mic léinn ar bharr, i lár agus in fochtar na mbandaí gnóthachtála bunaithe ar na torthaí a bhí curtha ar fáil ag na coláistí.
- **Inscne.** I ngach coláiste, scrúdaíodh comhdhéanamh inscneach cohóirt na mac léinn ceannchúrsa, agus roghnaíodh sampla ionadaíoch de mhic léinn fhireanna agus bhaineanna.
- **Cineál scoile agus a suíomh.** Rinneadh gach dícheall chun sampla mac léinn a roghnú a bhí ag teagasc i scoileanna móra agus beaga, i scoileanna aonghnéis agus comhoideachais, agus i scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus i gceantair nach raibh faoi mhíbhuntáiste.

Ar shlite áirithe, sampla áiseach ba ea an sampla a roghnaíodh don suirbhé. Ón uair nach sampla randamach a bhí ann, ní heol dúinn na leibhéil mhúinéine do na meastacháin staitistiúla a fuarthas, agus is cóir a bheith airdeallach dá bhrí sin agus na torthaí á gcur i leith chohóirt iomlán na n-ábhar múinteoirí ceannchúrsa. Ar an láimh eile, bhí an sampla réasúnta mór (10%), agus cuireadh an suirbhé i gcrích i scoileanna éagsúla ar fud na tíre; is dóichí, mar sin, gur léiriú cruinn iad na torthaí ar threochtaí maidir le feidhmíocht na n-ábhar múinteoirí sna ceithre réimse a ndearnadh measúnacht orthu.

Cruinnithe leis na coláistí

Sular tugadh cuairt ar na seomraí ranga, bhuail comhaltaí den Chigireacht le comhaltaí d'fhoireann bhainistíochta an chleachtaidh mhúinteoireachta i ngach ceann de na cúig choláiste. Ag na cruinnithe seo pléadh cuspóir agus scóip na meastóireachta, chomh maith leis na comhghnáis don chigireacht, na gnáthaimh chun an sampla mac léinn a roghnú, agus an ionstraim mheastóireachta. Cuireadh cóipeanna den ionstraim mheastóireachta sa timpeall go dtí na coláistí agus lorgaíodh aischothú. Tionóladh cruinniú iarmheastóireachta freisin leis na coláistí, agus cuireadh i láthair ag an gcruinniú seo na príomhthorthaí, na conclúidí agus na moltaí ón mheastóireacht.

Nósanna imeachta meastóireachta

Úsáideadh ionstraim mheastóireachta nó sceideal (Aguisín 1) chun measúnacht a dhéanamh ar na ceithre réimse – pleanáil, teagasc, foghlaim agus measúnacht. Rinneadh cur síos achomair ar na critéir do gach ceann de na réimsí, agus cuireadh bosca oscailte tuairimí ar fáil chun freagairt do thuairimí na gcigirí. Úsáideadh scála grádaithe seacht bpointe a d'fhreagair do na catagóirí leathana seo a leanas.

Grádú	Catagóir leathan feidhmíochta a fhreagraíonn
A	Sármhaith: feidhmíocht den scoth
B	An-mhaith: feidhmíocht chumasach, agus láidreachtaí suntasacha
C+	Go maith: feidhmíocht éifeachtúil
C	Cuibheasach: réimse láidreachtaí, agus laigí suntasacha
D	Sásúil ach ag sonrú deacrachtaí áirithe
F	Míshásúil: feidhmíocht neamhéifeachtúil
NE	Gan fianaise ar bith ann do na critéir seo



Á chur san áireamh go ndearnadh meastóireacht ar theagasc na mac léinn tar éis chuairt amháin ar an seomra ranga, agus nach ndeachaigh na cigirí i mbun plé le hábhair mhúinteoirí le linn na gcuariteanna ná ina ndiaidh, measadh gurbh fhearr leas a bhaint as grád NE nuair nach raibh dóthain fianaise ann chun meastóireacht a dhéanamh ar chritéar ar leith.

Sintéis na dtorthaí don tuarascáil ilchodach

Chomhlánaigh na cigirí sceideal meastóireachta tar éis a gcuarite ar gach ábhar múinteora. Cuireadh sonraí ó na sceidil seo isteach ar scarbhileog agus stóráladh í go lárnach. Úsáideadh an scarbhileog seo chun táblaí agus graif a chruthú ar obair na mac léinn as gach ceann de na cúig choláiste. Ag an tráth sin, ullmhaíodh tuarascáil indibhidiúil agus cuireadh í ar fáil do gach coláiste. Rinneadh sintéisiú ansin ar na sonraí chun táblaí agus graif ilchodacha a chruthú agus úsáideadh iad sa tuarascáil seo.

Cur i láthair na dtorthaí

Cuirtear toradh na meastóireachta i láthair i gCaibidlí 3 – 7. I dtosach báire, liostaítear na príomhthorthaí don chaibidil. Ansin, déantar tagairt do ráitis as an gCuraclam Bunscoile a bhaineann le hábhar, agus déantar cur síos achomair ar na critéir mheastóireachta. Cuirtear na torthaí i láthair i bhfoirm tháblach agus ghrafach. Maidir leis na céatadán sna táblaí seo is cóir a nótáil gur ceartaíodh iad go dtí an tslánuimhir is cóigearaí; dá thoradh seo, ní dhéanfaidh céatadán áirithe suim 100. Meastar, áfach, nach ndéanann ceartú na gcéatadán ar an nós seo difríocht shuntasach ar bith do na torthaí iomlána.

Anailís ar thorthaí

I gCaibidlí 3 – 7 déantar torthaí na meastóireachta a anailísiú agus tuairimí na gcigirí a achoimriú. Ina theannta sin, cuirtear rogha de thuairimí dearfacha agus d'ábhair imní na gcigirí i láthair. San anailís ar na torthaí déantar rangú leathan ar na gráid A, B agus C+ ag freagairt do: sármaith, an-mhaith, agus go maith, faoi seach. Áirítear go gcuireann na gráid C agus D feidhmíocht chuibheasach nó lag in iúl, agus áirítear gur feidhmíocht mhíshásúil é grád F. Ní dhéantar léamh dearfach ná diúltach, de ghnáth, ar na gráid NE. Mar sin féin, i gcás critéar a mbeifí ag súil, go réasúnta, le fianaise ar chleachtas a bheith ar fáil orthu sa seomra ranga, fianaise ar phleanáil scríofa nó ar ghnáthaimh mheasúnachta mar shampla, áirítear go gcuireann grád NE in iúl go raibh na cleachtais seo easnamhach.

San anailís ar na torthaí, úsáideadh na téarmaí cainníochtúla seo a leanas chomh maith leis na bandaí céatadán a fhreagraíonn dóibh:

Téarmaí cainníochtúla a úsáideadh	Bandaí céatadán
Iad ar fad beagnach	Breis agus 90
An chuid is mó	75 – 90
Tromlach	50 – 74
Roinnt, faoi bhun a leath	25 – 49
Roinnt bheag	16 – 24
Beagán	Suas go 15

Srianta na meastóireachta

Ní mór, ón tús, roinnt srianta leis an mheastóireacht seo a aithint. I dtús báire, tá an mheastóireacht bunaithe ar chuartheanna aon uaire ag comhaltaí den Chigireacht ar ábhair mhúinteoirí ina seomraí ranga. Ní raibh aon phlé leis na mic léinn maidir le cleachtadh múinteoireachta. Aithnítear go bhféadfadh cúiseanna ar leith a bheith ann nach mbeadh feidhmíocht roinnt mac léinn, ar an lá, ag teacht lena gcumas. Ar an dara dul síos, glactar leis go raibh srian ó thráth go chéile leis na hábhair mhúinteoirí maidir leis an leibhéal athraithe agus atheagair a ceadaíodh dóibh a dhéanamh sa seomra ranga ina raibh siad ag obair. Tharlódh gur chuir sé seo bac ar a stíl teagaisc agus ar a gcumas timpeallacht fhoghlama spreagúil a chruthú.

Ainneoin na srianta seo, áfach, cuireadh an mheastóireacht i gcrích go docht agus go tomhaiste, agus táthar den tuairim go gcuirfidh na torthaí agus na moltaí le forbairt ghné an chleachtaidh mhúinteoireachta den oideachas tosaigh do mhúinteoirí.

Comhghnás na meastóireachta

Breathnaíodh ar gach mac léinn i mbun teagaisc ar feadh uair an chloig nó dhó, rud a chiallaigh gur breathnaíodh ar dhá cheacht de ghnáth. Ba é cuspóir na meastóireachta ná athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an chleachtaidh mhúinteoireachta sna cúig choláiste trí chéile, seachas measúnacht shonrach a dhéanamh ar mhic léinn ar leith.

Tá sé tábhachtach a mheabharrú, dá bhrí sin, nach raibh baint ar bith ag na gráid a bhronn na cigirí le linn an chleachtais seo leis an ngrád deiridh ar chleachtadh múinteoireachta a bhronn na coláistí ar a gcuid mac léinn. Ar an gcúis seo, rinneadh iarracht ar leith go mbeadh na mic léinn gan aithne. D'úsáid na cigirí uimhir randamach seachas ainm an mhic léinn nuair a bhí an sceideal meastóireachta á chomhlánú acu. Níor tugadh aischothú ó bhéal do na hábhair mhúinteoirí ag deireadh na cuairte ar an seomra ranga, mar is béas le cigirí de ghnáth nuair a thugann siad cuairt ar mhúinteoirí. Glacadh leis an ngnáthamh seo chun a dheimhniú nárbh fhéidir tuairimí cigire a lua i gcás ar bith ina ndéanfadh mac léinn achomharc faoin ngrád deiridh sa chleachtadh múinteoireachta a bhronnfadh an coláiste.

Tá an Chigireacht tiomanta don mheastóireacht ar scoileanna agus ar mhúinteoirí, ar bhonn na comhpháirtíochta proifisiúnta, agus de réir na gcaighdeán proifisiúnta is airde ar fad. Rianaítear sa *Chód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* na cóid chleachtais agus na gnáthaimh phroifisiúnta faoinar cuireadh an mheastóireacht seo i gcrích. Tugadh cóip den chód seo, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie), do na coláistí sular tosaíodh ar na cuairteanna cigireachta ar na seomraí ranga.

Caibidil 3

CAIGHDEÁN NA PLEANÁLA AGUS AN ULLMHÚCHÁIN

Achoimre

Leagtar amach sa chaibidil seo na torthaí meastóireachta maidir le caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin a chuir na hábhair mhúinteoirí ar fáil.

Ar na torthaí is suntasaí bhí:

- an phleanáil agus an t-ullmhúchán ag an gcuid is mó de na hábhair mhúinteoirí, sármaith, an-mhaith nó go maith.
- Rianaigh an chuid is mó de na mic léinn aidhmeanna agus spriocanna curaclaim oiriúnacha agus phleanáil siad ábhar oiriúnach dá gcuid ceachtanna.
- an phleanáil ag an gcuid is mó de na mic léinn sásúil maidir le hacmhainní teagasc a úsáid.
- Cruthaíodh deacrachtaí do mhic léinn i bpleanáil a dhéanamh do chomhtháthú tras-churaclaim agus do chur chuige idirdhealaithe chun freastal ar ábaltachtaí agus ar stíleanna foghlama éagsúla.

Ról na pleanála sa teagasc agus san fhoghlaim

Cuirtear béim ar thábhacht na pleanála i roinnt áiteanna sa Churaclam Bunscoile, agus déantar comhairle shainiúil phleanála a thairiscint maidir le gach réimse curaclaim sna treoirlínte do mhúinteoirí. Luaitear sa churaclam gur chóir go mbeadh an phleanáil bunaithe ar chúram a dhéanamh de riachtanais agus d'ábaltachtaí gach linbh. Ba chóir go mbeadh léargas glé ag múinteoirí ar aidhmeanna, ar chuspóirí leathana agus ar bhunchineál an ábhair i ngach réimse curaclaim, a chuirfidh ar a gcumas eispéiris foghlama éifeachtúla a bhaineann leis na leanáí féin a chur ar fáil dóibh (An Curaclam Bunscoile: Réamhrá, lch. 65). Luaitear sa Churaclam freisin:

ar an múinteoir atá an fhreagracht a dheimhniú go ndéantar freastal ar choimpléascacht na riachtanas foghlama ag leanáí trí phróiseas foghlama atá ionnúsach agus éagsúil. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an múinteoir gafa le planáil sa seomra ranga agus le planáil scoile ar bhonn níos leithne, le breithiúnais agus cinní a dhéanamh maidir le rogha an ábhair, maidir leis an gcaoi a gcuirtear gnéithe éagsúla ábhair le chéile, agus leis an ord leanúnachais ina dtugtar iad seo isteach (An Curaclam Bunscoile: Réamhrá, lch. 21).


Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar phleanáil agus ullmhúchán

Roghnaíodh naoi gcritéar chun caighdeán na pleanála a thomhas. Ba iad seo:

- a mhéid a bhí a bhí aidhmeanna agus ábhar na bpleananna do cheachtanna ag teacht leis an gCuraclam Bunscoile
- caighdeán na gcuspoirí teagascúla a rianaíodh sna doiciméid phleanála
- a mhéid a bhí prionsabail churaclaim a bhain le hábhar san áireamh sa phleanáil
- oiriúnacht an ábhair agus na ngníomhaíochtaí planáilte
- a mhéid a bhí soláthar sna pleananna scríofa do na héagsúlachtaí indibhidiúla i measc daltaí

- a mhéid a bhí soláthar sna pleananna scríofa don chomhleanúnachas agus don dul chun cinn tríd an gcuraclam ar fad
- a mhéid a bhí comhtháthú agus nascacht san áireamh sa phleanáil
- an soláthar sa phleanáil d'úsáid acmhainní
- an soláthar sa phleanáil don athbhreithniú agus don mheasúnacht.

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar phleanáil agus ullmhúchán



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar gach ceann de na critéir phleanála agus ullmhúcháin

Taispeánann an tábla seo a leanas céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar phleanáil agus ar ullmhúchán. Tá eochairfhocal sna boscaí ag an mbarr a sheasann do gach critéar díobh.

	Aidhmeanna	Cuspóirí	Prionsabail	Ábhar	Idirdhealú	Dul chun cinn	Comhtháthú	Acmhainní	Measúnacht	Grád Iomlán
A	10%	9%	10%	10%	1%	5%	8%	12%	4%	5%
B	41%	36%	39%	43%	13%	35%	23%	36%	29%	40%
C+	29%	28%	27%	23%	20%	33%	27%	25%	22%	31%
C	12%	14%	13%	10%	28%	12%	16%	13%	14%	13%
D	5%	11%	5%	8%	9%	6%	6%	6%	8%	9%
F	3%	2%	4%	4%	7%	5%	6%	2%	4%	3%
NE	0%	0%	2%	2%	22%	5%	14%	5%	19%	0%



Anailís ar na torthaí

Tugann na torthaí le fios go raibh breis bheag agus trí cheathrú de na mic léinn sármhaith, an-mhaith nó go maith maidir lena bpleanáil agus a n-ullmhúchán scríofa. Léiríonn mion-iniúchadh ar na sonraí gur leag an chuid is mó de na mic léinn amach aidhmeanna agus cuspóirí teagaisc agus foghlama a bhí ag teacht leis an gcuraclam. Rinne breis bheag agus trí cheathrú díobh soláthar do ghníomhaíochtaí sásúla agus d'ábhar ceachtanna a bhí ag teacht leis na prionsabail a bhain leo sa churaclam. Mar sin féin, maidir le hábhar agus gníomhaíochtaí oiriúnacha a phleanáil, measadh go raibh duine as gach deichniúr mac léinn cuibheasach, agus áiríodh go raibh roinnt bheag díobh lag nó míshásúil.

Ceann de bhunphrionsabail an churaclaim é a thábhachtaí atá sé freastal ar éagsúlachtaí i measc leanaí. I gcás na meastóireachta seo, bhí pleanáil shásúil déanta ag níos lú ná leath na n-ábhar múinteoirí (34%) chun freastal ar éagsúlachtaí indibhidiúla, agus measadh go raibh breis agus ceathrú díobh lag maidir leis seo. I gcás breis agus an tríú cuid de na mic léinn ní raibh aon fhianaise ar idirdhealú ina bpleananna nó measadh go raibh siad lag nó míshásúil maidir leis an ngné seo dá gcuid oibre. Bunghné eile den churaclam é an comhtháthú a bhaineann le cineál na foghlama do leanaí. Tasc tábhachtach do mhúinteoirí é nascadh a dhéanamh idir ábhair chun a dheimhniú go sonrúidh daltaí próiseas foghlama comhtháite. Sa mheastóireacht seo, tugadh ráta sármhaith, an-mhaith nó go maith do bhreis bheag agus leath (58%) na n-ábhar múinteoirí maidir lena bpleanáil don chomhtháthú. Shonraigh na cigirí go ndearna beagnach trí cheathrú díobh pleananna sásúla d'úsáid acmhainní, agus tugadh an ráta is airde do roinnt bheag ina measc siúd.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha i dtaobh na pleanála agus an ullmhúcháin a chuir mórán de na mic léinn ar fáil. Nótáil siad na fillteáin phleanála dea-eagraithe agus an iarracht ba léir a rinneadh chun scéimeanna oibre cuimsitheacha gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha a ullmhú. Nocht siad tuairim dhearfach i gcásanna inar shonraigh siad pleananna a leag amach aidhmeanna agus cuspóirí soiléire a bhí ag teacht leis an gcuraclam. Shonraigh siad cásanna inar phleanáil mic léinn go héifeachtúil chun acmhainní a úsáid agus luaigh siad i dtéarmaí dearfacha na cásanna inar shonraigh siad pleananna a raibh ábhar ceachtanna sásúil iontu. I roinnt cásanna mheas na cigirí nach raibh an t-ábhar ceachtanna dúshlánach a ndóthain do dhaltaí. Ar an gcuma chéanna, nótáil siad pleananna ar theip orthu soláthar oiriúnach a dhéanamh d'ábaltachtaí agus do stíleanna foghlama difriúla na ndaltaí. Ní mór d'ábhair mhúinteoirí i ngach coláiste smaointe scríofa ar a gcuid oibre féin a chur ar fáil. Coinnítear na smaointe seo de ghnáth san fhillteán pleanála. Nocht na cigirí tuairimí dearfacha i dtaobh cháilíocht an fhéin-athbhreithnithe a rinne mórán mac léinn, agus shonraigh siad cásanna ina raibh ceacht foghlamtha ag na mic léinn ón tréimhse a bhí caite acu ar chleachtadh múinteoireachta.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt ábhar imní dá gcuid freisin.

Tuairimí dearfacha

Tá scéimeanna oibre agus nótaí ceachtanna an ábhair mhúinteora seo leagtha amach go han-mhaith agus baineann siad go dlúth le riachtanais oideachasúla na leanaí faoina cúram. Tá pleanáil an-mhaith déanta aici d'úsáid acmhainní oiriúnacha agus déanann sí meastóireacht ionraic ar a cuid oibre féin.

Rinneadh an t-ullmhúchán go cúramach agus cuireadh an fillteán pleanála i láthair go maith. Tá na haidhmeanna agus na cuspóirí ag teacht leis an gCuraclam Bunscoile agus tugtar aird chuí ar an gcomhtháthú. Tá éagsúlacht sna modheolaíochtaí atá rianaithe, agus léiríonn siad dea-thuisctint ar phrionsabail an churaclaim.

Chuir an mac léinn ullmhúchán sármaith ar fáil dá cuid ceachtanna. Rinne sí cur síos an-mhaith ar a cuid cuspóirí foghlama idirdhealaithe agus bhain siad le réimse aoiseanna leanaí.

Ábhair imní

Bhí aidhmeanna na gceachtanna trína chéile. Chaithfí a fhiafraí ar leor na cuspóirí a bhí rianaithe san ullmhúchán chun ceacht iomlán a chur i gcrích.

Tá pleanáil fhadtréimhseach agus ghearrtréimhseach curtha i láthair ag an ábhar múinteora seo. Níl aon nascadh luaite leis an gcuraclam ina pleanáil fhadtréimhseach. Baineann easpa fócais leis na cuspóirí gearrtréimhseacha atá rianaithe.

Tá pleanáil an mhic léinn – idir ghearrtréimhseach agus fhadtréimhseach - scríofa go han-scaoilte ar fad. Níl an mac léinn sainiúil a dhóthain maidir lena chuntas ar chuspóirí na gceachtanna agus mheasc sé measúnacht le linn an cheachta agus a mhachnamh ar chomh maith is a d'éirigh leis an gceacht.

Moltaí chun caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin a fhorbairt

De thoradh na meastóireachta ar phleanáil agus ar ullmhúchán, tugtar na moltaí seo a leanas do choláistí ar mhaithe le feabhas a chur ar chaighdeán obair abhar múinteoirí sa réimse seo:

- Ba chóir do choláistí breis tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn chun go bhféadfaidís pleanáil níos fearr a dhéanamh don chomhtháthú agus don idirdhealú
- Ba chóir eiseamláirí den dea-chleachtas pleanála sa dá réimse thuas a chur ar fáil do mhic léinn chomh maith le bonn réasúnaíochta a thabhairt dóibh chun comhtháthú agus idirdhealú a chur san áireamh ina gcuid pleanála
- Ba chóir do choláistí spreagadh a thabhairt do mhic léinn chun a dheimhniú go bhfuil ábhar a gcuid ceachtanna dúshlánach a ndóthain do dhaltaí, go háirithe dóibh siúd atá ar ardchumas.

Achoimre

Déantar athbhreithniú ar cháilíocht iomlán an teagaisc ag na mic léinn sa chaibidil seo. Ar na torthaí is tábhachtaí bhí:

- Rinne tromlach na mac léinn na gníomhaíochtaí sna seomraí ranga a eagrú agus a bhainistiú go maith
- Bhí an chuid is mó de na mic léinn muiníneach ina dteacht i láthair sa seomra ranga agus bhí a gcuid cumarsáide leis na daltaí sásúil
- Bhain tromlach na mac léinn leas as réimse modhanna teagaisc oiriúnach
- Bhain tromlach na mac léinn leas as dea-straitéisí ceistiúcháin ina gcuid teagaisc
- Bhí thart ar an tríú cuid de na mic léinn lag nó easnamhach i mbun obair chomhpháirtíochta a spreagadh i measc daltaí
- Bhain níos lú ná leath na mac léinn leas as na straitéisí is fearr chun scileanna machnaimh ardchumais na ndaltaí a fhorbairt
- Bhí tromlach na mac léinn lag i mbun freastal ar éagsúlachtaí indibhidiúla. Tugadh grád sármhaith, an-mhaith nó go maith do níos lú ná duine as gach triúr sa ghné seo dá gcuid oibre
- D'úsáid tromlach na mac léinn acmhainní go maith agus chruthaigh siad timpeallacht fhoghlama spreagúil. Shonraigh na cigirí, áfach, nár baineadh dóthain úsáide as acmhainní ICT de ghnáth.

Tábhacht an teagaisc

Sonraítear sa Churaclam Bunscoile gurb í caighdeán an teagaisc thar aon rud eile a dheimhníonn an rath a bhíonn ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí ar scoil. Bíonn réimse leathan saineolais agus cumais ag an múinteoir agus cinntíonn sí/sé discríd phroifisiúnta i bpleanáil agus i stiúradh an phróisis fhoghlama. Breathnaítear ar an múinteoir mar éascaitheoir agus threoraí na foghlama ag daltaí. Is í/é an té a dhéanann measúnacht ar riachtanais indibhidiúla gach linbh agus a fhreagraíonn go cuí dóibh trí réimse eispéireas foghlama éifeachtúil a chur ar fáil. Is mór ag an múinteoir bunscoile uathúlacht an linbh, agus bíonn sé seo agus an meas ar ionraiceas leanaí mar fhoghlaimoírí, mar bhonn lena c(h)uid oibre. Áitítear sa churaclam go mbeadh dúthracht agus féinmhuinín ag múinteoirí chomh maith le saineolas proifisiúnta a chuireann ar a gcumas léamh go grinn ar riachtanais leanaí agus riachtanais an churaclaim a shásamh. Sonraítear sa churaclam gurb é an caidreamh idir an múinteoir agus na leanaí atá den tábhacht is airde ar fad chun go mbeadh rath ar an bhfoghlaim ag leanaí. Baineann teagasc leis an tógáil a dhéantar ar an eolas atá ag an leanbh cheana féin agus le héispéiris fhoghlama a chur ar fáil ar shlí chomhtháite chun cur go héifeachtúil le forbairt chreatlach choincheapúil gach linbh.

Ina theannta sin, sonraítear sa churaclam go bhfuil an fhreagracht ar gach múinteoir a dheimhniú go gcothaítear an fhoghlaim ag leanaí trí phróiseas ionnúsach, éagsúil. Bítear ag súil go gcuirfidh múinteoirí foirmeacha éagsúla d'eagrúchán an tseomra ranga ar fáil a chomhlánóidh an éagsúlacht foghlama atá á

tairiscint ag an gcuraclam. Is é smaoineamh an churaclaim ná go mbeadh leanaí ag obair ar bhonn comhpháirtíochta i ngrúpaí, ag obair go hindibhidiúil agus mar rang iomlán chun na spriocanna foghlama a bhaint amach. Bítear ag súil go mbainfidh múinteoirí leas as réimse ionnúsach, samhlaíoch, nuálaíoch straitéisí agus acmhainní sa phróiseas foghlama (An Curaclam Bunscoile: Réamhrá, lch 20, 21).

Agus an coincheapú seo ar theagasc agus ar fhoghlaim déanta acu, scrúdaigh na cigirí na trí réimse seo a leanas den teagasc: bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga, modheolaíocht, agus úsáid acmhainní. Déantar tuairisciú ar leith ar gach gné díobh.

BAINISTIÚ AGUS EAGRÚ AN TSEOMRA RANGA

Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú agus eagrú an tseomra ranga


Rinneadh meastóireacht ar chaighdeán scileanna bainistíochta agus eagrúcháin an ábhair mhúinteora sa seomra ranga de réir an dá chritéar déag seo a leanas:

- a mhéid a cothaíodh atmaisféar dearfach sa seomra ranga
- éifeachtúlacht chumarsáide an ábhair mhúinteora
- a mhéid ba léir luas teagaisc cuí le linn ceachtanna
- a mhéid a cothaíodh spreagadh, spéis agus dea-iompar i measc daltaí
- a mhéid a d'éirigh leis an ábhar múinteora daltaí a ghabháil ina gcuid foghlama
- a mhéid a chuimsigh an t-ábhar múinteora tuairimí na ndaltaí sna ceachtanna agus a tógadh ar a gcuid eispéireas
- cibé acu ar leagadh ionchais arda síos chun dúshlán a thabhairt do dhaltaí
- cibé acu ar úsáideadh teicníochtaí ceistiúcháin éifeachtúla
- an tseiftiúlacht a léiríodh chun plé le ceisteanna gan choinne a thiocfadh chun cinn le linn ceachta
- a mhéid a chothaigh an t-ábhar múinteora foghlaim neamhspleách agus obair chomhpháirtíochta i measc daltaí
- a mhéid a rinneadh athbhreithniú seasta ar na ceachtanna
- a mhéid a rinneadh monatóireacht ar obair bhaile.

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar bhainistiú agus ar eagrú an tseomra ranga



Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar bhainistiú agus ar eagrú an tseomra ranga



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid ó A go NE ar chritéir bhainistíochta agus eagrúcháin an tseomra ranga

	Atmaisféar	Cumarsáid	Luas	Spreadadh	Gafacht	Ionchais	Expectations	Ceistiúchán	Seiftiúlacht	Neamhspleách	Athbheithniú	Obair Bhaile	Grád móriomlán
A	15%	8%	8%	8%	7%	4%	6%	5%	4%	6%	1%	1%	5%
B	39%	34%	28%	36%	32%	29%	22%	31%	24%	21%	29%	8%	34%
C+	29%	34%	24%	27%	30%	29%	23%	24%	16%	22%	13%	8%	27%
C	9%	13%	22%	17%	10%	22%	24%	22%	17%	17%	20%	5%	22%
D	7%	5%	9%	6%	13%	8%	15%	10%	9%	8%	11%	1%	8%
F	1%	4%	7%	6%	5%	5%	6%	2%	4%	6%	6%	1%	4%
NE	0%	1%	1%	2%	2%	3%	5%	4%	25%	20%	19%	76%	0%

Anailís ar na torthaí

Den 143 mac léinn a ndearnadh meastóireacht orthu, tugadh grád sármhaith, an-mhaith nó go maith do nócha ceathair (66%) díobh, maidir le caighdeán a gcuid bainistíochta agus eagrúcháin sa seomra ranga. Measadh go raibh breis bheag agus an cúigiú cuid díobh cuibheasach, agus measadh go raibh laigí suntasacha ag 12% eile nó go raibh siad neamhéifeachtúil sa ghné seo dá gcuid oibre. Tugann na sonraí

le fios, agus mionscrúdú a dhéanamh orthu, gur chuir an chuid is mó de na mic léinn bonn struchtúrtha faoi sheomra ranga inar cothaíodh atmaisféar dearfach. Ar an gcuma chéanna, measadh go ndearna an chuid is mó de na hábhair mhúinteoirí cumarsáid éifeachtúil. Maidir le luas teagaisc na gceachtanna, mheas na cigirí gur chuir tromlach na mac léinn luas cuí faoi na ceachtanna, ach go raibh deacracht ag roinnt díobh sa réimse seo.

Measadh gur thug tromlach na mac léinn spreagadh sásúil do dhaltaí agus go raibh siad gafa ina gcuid foghlama. Ar an gcuma chéanna, léirigh an tromlach go raibh siad in ann leas a bhaint as teicníochtaí ceistiúcháin éifeachtúla. Measadh gur leag thart ar a leath díobh (51%) ionchais arda síos chun dúshlán a thabhairt dá gcuid daltaí, agus thart ar an líon céanna (49%) a chothaigh foghlaim neamhspleách agus a rinne socruithe chun obair chomhpháirtíochta a spreagadh i measc daltaí. Sonraíodh, áfach, go raibh thart ar an tríú cuid de na mic léinn easnamhach nó lag agus iad i mbun eagrú leanaí ar bhonn na comhpháirtíochta. Lena chois sin, léirigh an mheastóireacht go raibh breis agus an dá chúigiú cuid de na mic léinn (44%) easnamhach nó lag i réimse ionchais arda a leagadh síos chun dúshlán a thabhairt do dhaltaí i mbun machnaimh agus foghlama.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha, de ghnáth, maidir le hábaltacht na mac léinn i mbun gníomhaíochtaí an tseomra ranga a eagrú agus a bhainistiú. Shonraigh siad go raibh na mic léinn muiníneach agus teanntásach de ghnáth os comhair an ranga, go raibh dea-chaidreamh proifisiúnta cothaithe acu, agus gur léirigh siad stíl idirghníomhach dhearfach de ghnáth agus iad ag plé lena gcuid daltaí. Shonraigh na cigirí an díograis, an fuinneamh agus an fheidhmiúlacht a bhí ag an gcuid is mó de na mic léinn sa chur chuige i mbun teagaisc, agus thug siad suntas don úsáid a bhain mic léinn as ceistiúchán éifeachtúil agus don chúram a rinne siad chun go mbeadh na daltaí ar fad gafa sna ceachtanna. Ar an láimh eile, nocht na cigirí an tuairim i mórán cásanna go raibh luas an-mhall faoi cheachtanna agus nár dheimhnigh roinnt mac léinn go mbeadh an t-ábhar dúshlánach go leor do dhaltaí. Shonraigh roinnt cigirí cásanna ina raibh deifir ar ábhair mhúinteoirí tasc scríofa a thabhairt nó inar chuaigh siad i mbun ceachta ar shlí nár thug dóthain deiseanna do dhaltaí a bheith gafa go hiomlán leis na hacmhainní nó chun ceisteanna a chur.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair inmí freisin.

Tuairimí dearfacha

Caidreamh an-mhaith le leanaí agus spreagann rannpháirtíocht na ndaltaí san obair. Tugann an t-ábhar múinteora seo cluas le héisteacht do na daltaí agus tá teicníocht cheistiúcháin mhaith aici.

Cothaíonn an t-ábhar múinteora seo atmaisféar an-dearfach sa seomra ranga. Tá a cuid teagaisc ar leibhéal atá oiriúnach do na daltaí. Tá a cuid cumarsáide an-éifeachtúil agus tá an ábaltacht aici tuairimí na ndaltaí a úsáid chun a gcuid eispéireas foghlama a fheabhsú.

Ábhair inmí

Tá an t-ábhar múinteora seo cneasta ina cuid idirghníomhaíochtaí leis na daltaí. Mar sin féin, bhí an ceacht a breithníodh ar luas míchuí agus bhí an teacht i láthair easnamhach. Ní raibh aon dúshlán sa cheacht do na daltaí. Ní dearnadh aon iarracht díriú ar scileanna machnaimh ardchumais.



De réir mar a chuaigh an ceacht chun cinn mhoilligh an luas agus bhí deacracht ag an ábhar múinteora spéis throllach na ndaltaí a choinneáil. Bhain easpa cinnteachta leis an gcur chuige, is cosúil, maidir leis na torthaí foghlama agus ní dheachaigh an obair chun cinn ar bhonn céimnitheach.


MODHEOLAÍOCHT

Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar mhodheolaíocht

Ba í an mhodheolaíocht an dara gné de chaighdeán an teagaisc a ndearnadh meastóireacht uirthi. Cuireadh na hocht gcrítéar seo a leanas i bhfeidhm chuige seo:

- a mhéid a bhí straitéisí agus modheolaíochtaí teagaisc oiriúnach agus éagsúil
- a mhéid a chuimsigh na straitéisí agus na modheolaíochtaí réimse leathan ábhar coincreideach agus acmhainní a úsáid
- a mhéid a bhí ceachtanna nasctha agus leagtha amach go loighciúil
- a mhéid a thug na modheolaíochtaí deiseanna do na daltaí a bheith gafa in obair chomhphairtíochta (grúpa nó péirí)
- a mhéid a rinneadh naisc le heolas agus le scileanna a bhí ag na daltaí cheana
- an bhéim a cuireadh ar fhorbairt scileanna machnaimh ardchumais
- a mhéid a rinneadh soláthar d'éagsúlachtaí, d'ábaltachtaí agus do stíleanna foghlama indibhidiúla
- a mhéid a bhí soláthar tras-churaclaim ann.

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar mhodheolaíocht



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar gach ceann de na critéir mhodheolaíochta

	Éagsúl	Abhair choinceirdeacha	Struchtúr	Compháirtíocht	Réamheolas	HOTS	Éagsúlacht indibhidúil	Tras-churadaim	Grád Iomlán
A	5%	11%	6%	11%	6%	3%	1%	2%	4%
B	33%	17%	35%	17%	38%	8%	13%	21%	27%
C+	27%	34%	30%	22%	22%	30%	17%	25%	30%
C	19%	22%	15%	20%	15%	21%	24%	20%	23%
D	12%	10%	6%	13%	10%	17%	16%	9%	12%
F	4%	5%	6%	2%	1%	6%	4%	6%	4%
NE	0%	1%	1%	16%	6%	14%	24%	17%	0%

Anailís ar na torthaí

Sa Churaclam Bunscoile is ionann an tábhacht a bhaineann leis an méid a fhoghlaimíonn leanáí agus an próiseas trína bhfoghlaimíonn siad é. Is féidir a bheith ag súil, dá réir sin, go mbeadh tuiscint ghlé ag ábhair mhúinteoirí ar éagsúlachtaí sa chur chuige agus go bhfuil siad ábalta ar leas a bhaint as modhanna oiriúnacha chun na leanáí atá á dteagasc a oiriúint. Tugann na sonraí as an mheastóireacht seo le fios go raibh ochtó seacht mac léinn, nó breis bheag agus 60% den sampla, sármhaith, an-mhaith nó go maith sna slite ar bhain siad leas as straitéisí agus modhanna teagaisc. Measadh go raibh breis agus an tríú cuid (35%) cuibheasach nó lag i bhfeidhmí na modhanna oiriúnacha, agus áiríodh go raibh beagán (4%) míshásúil sa ghné seo dá múinteoireacht. Léiríonn mionscrúdú ar na sonraí gur fheidhmigh tromlach na mac léinn modhanna teagaisc a bhí oiriúnach agus éagsúil. Mar sin féin, bhí deacracht áirithe ag beagnach an tríú cuid díobh leis an mbealach ar úsáid siad modhanna teagaisc, agus áiríodh go raibh beagán (4%) mí-éifeachtúil sa ghné seo dá múinteoireacht. Ar an gcaoi chéanna, chuir tromlach na n-ábhar múinteoirí ceachtanna i gcrích a raibh struchtúr loighciúil fúthu agus iad nasctha, ach léirigh roinnt bheag (21%) laige maidir leis seo, agus measadh go raibh beagán (6%) míshásúil.

Thug leath de na hábhair mhúinteoirí deiseanna do na daltaí páirt a ghlacadh in obair chomhoibritheach le linn na gceachtanna ach bhain ligeacht le trian de na mic léinn sa ghné seo. Cuireann an curaclam béim faoi leith ar scileanna agus ar chumais a fhorbairt a chabhraíonn le páistí machnamh a dhéanamh, foghlaim a chur i ngníomh agus solúbthacht agus cruthaitheacht a fhorbairt iontu féin. Thug na cigirí aitheantas do na straitéisí a bhain na mic léinn leas astu chun scileanna machnamh ardchumais daltaí a fhorbairt. Glacadh leis go raibh roinnt (41%) de na mic léinn sármhaith, an-mhaith nó go maith; glacadh leis, áfach, go raibh thart faoin uimhir chéanna (38%) measartha nó go raibh laigí suntasacha acu sa ghné seo dá gcuid oibre. Bhí roinnt bheag mac léinn (6%) gan a bheith sásúil. Bhí na deacrachtaí ginearálta céanna ann maidir leis an gcaoi gur thug siad difríochtaí i gcumas agus in acmhainn na bpáistí san áireamh ar bhonn aonair. Bhí beagán níos lú ná aon trian de na hábhair mhúinteoirí sármhaith, an-mhaith nó go



maith sa ghné seo dá gcuid teagaisc. Ach ag an am céanna, bhí deactachtaí ag dhá chúigiú díobh agus bhí líon beag (4%) gan a bheith sásúil.

Maidir leis an gceathrú cuid de na mic léinn, shonraigh na cigirí nach raibh dóthain fianaise ann chun breithiúnas bailí a dhéanamh ar ar an ngné seo dá gcuid oibre, rud atá spéisiúil ann féin. Is mar a chéile an léargas a thagann chun cinn ó na sonraí ar an soláthar a rinne na hábhair mhúinteoirí don chomhtháthú tras-churaclaim. Molann an curaclaim cur chuige i leith na foghlama atá bunaithe ar an bhforbairt, agus aithnítear an comhtháthú i mbunchineál an eolais agus an mhachnaimh, agus leagtar béim ar nascachtaí an ábhair sna réimsí curaclaim éagsúla (An Curaclaim Bunscoile: Réamhrá, Ich. 11). Sa mheastóireacht áirithe seo, measadh go raibh beagnach a leath de na mic léinn (49%) sármhaith, an-mhaith nó go maith sna nascachtaí a rinne siad ina gcuid teagaisc idir réimsí éagsúla den churaclaim. Measadh, áfach, go raibh laigi ag roinnt díobh maidir leis seo, agus go raibh beagán (6%) míshásúil.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha ar éagsúlacht na modhanna teagaisc ar bhain roinnt mac léinn leas astu. Nótáil siad na ceachtanna dea-thógtha agus úsáid mhaith na n-acmhainní i dtromlach na gcásanna. Nocht siad tuairim dhearfach nuair a bhreathnaigh siad ar mhic léinn ar éirigh leo na daltaí ar fad a ghabháil san fhoghlaim agus nuair a rinne na mic léinn soláthar do na hábaltachtaí éagsúla i measc na ndaltaí sa rang. I gcásanna eile, áfach, shonraigh na cigirí mic léinn a bhí i dtuilleamaí chur chuige ranga-uile amháin le linn teagaisc agus nár lig do dhaltaí oibriú i bpéirí nó i ngrúpaí, cé gur thug an ceacht deiseanna oiriúnacha a leithéid a dhéanamh. I roinnt cásanna, shonraigh na cigirí go raibh sé beartaithe ag na mic léinn modhanna agus cur chuige éagsúla a úsáid ach nuair a breathnaíodh ar an gceacht ba é an cur chuige ranga-uile amháin a bhí acu. Tá sé le tuiscint uaidh seo gur thuig na mic léinn go bhfuil modhanna éagsúla molta sa churaclaim ach nach raibh siad ar a suaimhneas leo nó nach raibh a ndóthain muiníne acu ag an tráth seo chun iad a úsáid agus meastóireacht faoi lánseol ar a gcuid oibre. I roinnt bheag cásanna thug na cigirí faoi deara, le linn ceachtanna Gaeilge, go ndearna na hábhair mhúinteoirí aistriúchán díreach go Béarla agus nár bhain siad úsáid as an gcur chuige cumarsáideach atá molta sa churaclaim.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair imní freisin.

Tuairimí dearfacha

Leagann an t-ábhar múinteora amach cuspóirí soiléire do na ceachtanna éagsúla, cuireann sí acmhainní an-mhaith ar fáil agus tá sí breá cumasach ag plé le gníomhaíochtaí ranga-uile agus i ngrúpaí.

Rinne an mac léinn dhá cheacht an-mhaith a theagasc sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic. Baineadh leas an-mhaith as ábhair oiriúnacha chun na ceachtanna a léiriú; bhí an t-ord leanúnachais sa cheacht go maith agus bhí deiseanna ag leanáí obair a dhéanamh i ngrúpaí beaga. Rinneadh plé indibhidiúil le roinnt daltaí.

Bhí struchtúr loighciúil faoi na ceachtanna agus bhí siad nasctha leis an eolas a bhí ag leanáí cheana féin.

Ábhair imní

Cur chuige ranga-uile amháin a bhí ag an mac léinn. Cé go raibh deiseanna ann obair phéire nó grúpobair a chleachtadh, go háirithe ag tús an cheachta scríbhneoireachta, ní raibh an cur chuige seo aici sna modhanna múinte.

Tá cur amach ag an ábhar oide ar mhodhanna múinte éagsúla de réir a cuid ullmhúcháin, ach bhain sí leas as cur chuige uile ranga amháin.

Bhain struchtúr ciallmhar agus leanúnach leis na ceachtanna. Ullmhaíodh acmhainní maithe ach níor tugadh dóthain deiseanna do na leanaí leas iomlán a bhaint astu. Rinne an múinteoir an chuid is mó den chaint.


ÚSÁID ACMHAINNÍ

Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar úsáid acmhainní

Ba í an tríú gné den teagasc a ndearnadh meastóireacht uirthi ná an chaoi ar bhain na hábhair mhúinteoirí leas as réimse acmhainní. Úsáideadh na critéir seo a leanas:

- a mhéid a úsáideadh acmhainní oiriúnacha chun an clár teagaisc agus foghlama a fheidhmiú
- a mhéid a cruthaíodh timpeallacht spreagúil sa seomra ranga
- an chaoi ar socraíodh daltaí i ngrúpaí agus ar eagraíodh na suíocháin sa seomra ranga

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar úsáid acmhainní





Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar gach ceann de na critéir acmhainní

	Acmhainní	Timpeallacht	Suíocháin	Grád Iomlán
A	8%	10%	8%	8%
B	29%	34%	32%	33%
C+	25%	27%	28%	29%
C	17%	20%	20%	23%
D	1%	7%	7%	2%
F	3%	2%	5%	5%
NE	17%	1%	1%	1%

Anailís ar na torthaí

Cuireann na sonraí in iúl go raibh tromlach na n-ábhar múinteoirí (90 as an 143, nó 70%) sármhaith, an-mhaith nó go maith in úsáid na n-acmhainní agus sa chaoi ar chuir siad struchtúr faoin timpeallacht fhoghlama. Mar sin féin, sonraíodh go raibh deacracht áirithe ag an gceathrú cuid díobh leis an ngné seo dá gcuid oibre. Léiríonn mionscrúdú ar na sonraí gur úsáid tromlach na mac léinn réimse oiriúnach acmhainní agus gur chruthaigh a oiread céanna díobh timpeallacht fhoghlama spreagúil agus gur shocraigh siad na suíocháin ar bhealach oiriúnach sa seomra chun na leanaí a roinnt i ngrúpaí. Faoi mar a sonraíodh i gCaibidil 2, ní faoi na mic léinn a bhí, go hiomlán, an troscán a shocrú mar ba mhaith leo sa seomra ranga.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha i mórán cásanna ar réimse agus ar líon na n-acmhainní a bhí curtha ar fáil ag na hábhair mhúinteoirí. Bhí an-mholadh acu ar mhic léinn a sholáthraigh dóthain acmhainní chun go raibh píosa trealaimh dá chuid féin ag gach leanbh ar leith. I roinnt cásanna shonraigh na cigirí taispeántas suntasach d'obair na ndaltaí agus na bealaí cruthaitheacha ina raibh na suíocháin socraithe sa seomra ranga ag na mic léinn. Mar sin féin, thug siad faoi deara nár baineadh dóthain úsáide as áiseanna ICT sa teagasc agus san fhoghlaim. I gcásanna eile, nocht na cigirí tuairimí diúltacha maidir leis an easpa ábhair chlóite i seomraí ranga áirithe agus a bheith ag brath rómhór ar théacsleabhair mar acmhainn foghlama. I roinnt bheag cásanna thug siad faoi deara gur tugadh acmhainní do leanaí, sa mhatamaitic de ghnáth, gan réamh-mhíniú ná dóthain treorach ón ábhar múinteora. I gcás gur thit sé seo amach, nó má mheasadh go raibh na hacmhainní foghlama mí-oiriúnach d'aois na leanaí, tuigeadh do na cigirí gur bheag an tairbhe a leithéid.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair inmí freisin.

Tuairimí dearfacha

Baintear úsáid éifeachtúil as réimse leathan acmhainní i dtimpeallacht fhoghlama spreagúil.

Bhain an mac léinn seo úsáid an-éifeachtúil as osteilgeoir le linn na gceachtanna.

Bhain an mac léinn seo úsáid mhaith as áireamhán le linn rang Matamaitice.

Cé go raibh an seomra ranga beag go maith, baineadh úsáid mhaith as an spás agus as na láithreacha taispeántais chun timpeallacht fhoghlama spreagúil a chruthú.

Ábhair imní

Bhí fiúntas na n-acmhainní ar chaighdeán íseal. Úsáideadh leabhar Béarla beag mar áis léirithe leis an rang ar fad. Ní raibh mórán leanaí in ann an pictiúr a fheiceáil.

Níor úsáideadh mar acmhainní ach obair scríofa na ndaltaí agus téacsleabhar.

Cé go raibh ceithre ríomhaire sa seomra ranga, ní raibh aon fhianaise ann gur úsáid an t-ábhar múinteora iad seo le linn aon cheachta dá cuid.

Moltaí chun caighdeán an teagaisc a fhorbairt

Tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh le súil caighdeán teagaisc na n-ábhar múinteoirí a fhorbairt:

- Ba chóir do choláistí teagasc breise a chur ar fáil agus réimse eiseamláirí a fhorbairt do mhic léinn chun go rachaidís i dtaithe ar straitéisí a chuireann ar chumas daltaí oibriú ar bhonn comhpháirtíochta le linn cheachtanna
- Ba chóir do choláistí mic léinn a spreagadh chun úsáid níos mó a bhaint as na hacmhainní ICT atá ar fáil sna scoileanna
- Ba chóir do choláistí béim bhreise fós a chur ar chur chuige cumarsáideach a chothú nuair atá an Ghaeilge á múineadh agus gan a bheith ag aistriú go Béarla go háirithe le linn na gceachtanna seo
- Ba chóir do choláistí a chur ar a súile do mhic léinn nach rachaidís i muinín chur chuige ranga-uile le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta ach gur chóir réimse leathan modhanna a chleachtadh chun an fhoghlaim ag leanaí a chothú.

Caibidil 5

CAIGHDEÁN NA FOGHLAMA

Achoimre

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar chaighdeán na foghlama ag leanáí le linn dóibh bheith faoi chúram na n-ábhar mhúinteoirí. Ar na torthaí ba thábhachtaí bhí:

- Chruthaigh an chuid is mó de na hábhair mhúinteoirí atmaisféar dearfach, slán agus taitneamhach sa seomra ranga a spreag an fhoghlaim ar chaighdeán ard
- Bhí foghlaim fheidhmiúil i dtromlach na seomraí ranga agus sonraíodh go raibh spreagadh ag na daltaí, go raibh comhoibriú eatarthu agus fonn foghlama orthu
- Sa chuid is mó de na seomraí ranga bhí an smacht go maith agus bhí meas ag na daltaí ar an gcód iompair a bhí comhaontaithe
- Measadh gur léirigh thart ar 30% de na hábhair mhúinteoirí laigí sa bhealach inar thug siad faoin bhfoghlaim a chothú i measc na ndaltaí
- Measadh go raibh deacracht áirithe ag thart ar 40% de na hábhair mhúinteoirí le gníomhaíochtaí oiriúnacha a eagrú chun a dheimhniú go raibh na daltaí rannpháirteach go gníomhach ina gcuid foghlama féin.

Caighdeán na foghlama sa churaclam

Cuirtear béim an-soiléar sa churaclam ar chaighdeán na foghlama ag leanáí. Ceann de na bunghnéithe a bhaineann leis sin ná go n-aithnítear go bhfuil cinéalacha éagsúla foghlama ann agus go bhfoghlaimíonn leanáí indibhidiúla ar bhealaí éagsúla. Ní hé an t-ábhar le foghlaim amháin atá sonraithe sa churaclam agus na torthaí atá le gnóthú, ach réimse leathan sa chur chuige i leith na foghlama. Tá prionsabail na foghlama rianaithe go tuisceanach, agus tá an tuiscint ann gur chóir do leanáí a fhoghlaim conas foghlaim agus meas a fhorbairt ar luach agus ar chleachtas na foghlama fadsaoil. Tá sé mar bhunaidhm sa churaclam go mbainfeadh leanáí taitneamh as an bhfoghlaim. Sonraítear gurb é cuspóir iomlán na hoibre ar an mbunscoil ná feabhas a chur ar chaighdeán na foghlama ag leanáí agus eispéiris fhorbraíocha a chur ar fáil dóibh a bhfuil dlúthbhaint acu lena riachtanais reatha agus le riachtanais sa todhchaí (*An Curaclam Bunscoile*: Réamhrá, lch. 10, 75).


Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na foghlama

Ba é caighdeán na foghlama an tríú réimse a ndearnadh meastóireacht air. Baineadh leas as na critéir seo a leanas:

- a mhéid a bhí atmaisféar an tseomra ranga slán agus taitneamhach
- an léibhéal ar ar cothaíodh idirghníomhaíocht, freagairt agus foghlaim fheidhmiúil
- a mhéid a bhí meas ar chód iompair

- a mhéid a spreagadh agus a cothaíodh tiomantacht agus spéis na ndaltaí
- leibhéal na díograis agus an obair fheidhmiúil a léirigh na daltaí agus a mhéid a léirigh siad tiomantacht don tasc idir lámha a chur i gcrích agus an spéis ghéar a bhí acu ann
- cibé acu ar léir an fhoghlaim ghníomhach
- a mhéid a d'éist daltaí go haireach agus a mhéid a léirigh fiúntas a gcuid ceistiúcháin agus a bhfreagraí leibhéal a dtuisceana
- a mhéid a léirigh daltaí fonn comhoibriú lena gcomhscoláirí agus le múinteoirí ina gcuid foghlama
- a mhéid a bhí an fhoghlaim ag na daltaí ar leibhéal agus ar luas cúí i ngach réimse curaclaim.

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar chaighdeán na foghlama



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar gach ceann de chritéir chaighdeán na foghlama

	Atmaisféar	Idirghníomhaíocht	Iompar	Tiomantacht	Díograis	Foghlaim ghníomhach	Comhoibriú	Leibhéal	Grád Iomlán
A	11%	5%	12%	6%	7%	3%	8%	6%	6%
B	47%	38%	43%	36%	32%	28%	36%	29%	34%
C+	23%	22%	24%	22%	32%	22%	27%	19%	25%
C	13%	22%	10%	20%	16%	29%	13%	27%	23%
D	4%	10%	7%	10%	5%	12%	8%	7%	7%
F	1%	2%	1%	4%	5%	3%	3%	6%	4%
NE	1%	1%	3%	1%	3%	2%	5%	5%	1%



Anailís ar na torthaí

Sa mheastóireacht seo, áiríodh go raibh triúr is nócha de na hábhair mhúinteoirí (nó 65% den sampla) sármhaith, an-mhaith nó go maith sna bealaí inar chuir siad an fhoghlaim ag na leanaí chun cinn. Mar sin féin, measadh gur bhain laigí le duine as gach triúr sa chás seo, agus measadh go raibh seisear eile mac léinn (nó 4% den sampla) míshásúil. Go sonrach, chruthaigh an chuid is mó de na mic léinn atmaisféar ina gcuid seomraí ranga a measadh a bheith slán agus taitneamhach agus a chuidigh leis an dea-fhoghlaim. Léirigh an tromlach den sampla go raibh an fhoghlaim fheidhmiúil ar bun sna seomraí ranga acu agus go raibh na daltaí tiomanta, comhoibritheach, agus bhí fonn orthu a bheith gafa san fhoghlaim. Sa chuid is mó de na cásanna, bhí an smacht go maith agus bhí meas ag na daltaí ar an gcód iompair a bhí comhaontaithe.

Mar sin féin, measadh nach raibh daltaí ina ngníomhairí gníomhacha ina gcuid foghlama féin ach i mbreis bheag agus a leath de na seomraí ranga amháin (53%). Áiríodh go raibh deacracht áirithe ag thart ar an dá chúigiú cuid de na hábhair mhúinteoirí le gníomhaíochtaí a eagrú ar mhaithe le gafacht ghníomhach na ndaltaí le linn cheachtanna, agus measadh go raibh roinnt bheag díobh neamhéifeachtúil sa réimse seo dá dteagasc.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha nuair ba léir dóibh go raibh daltaí gafa go gníomhach in obair an tseomra ranga agus nuair ba léir go raibh spreagadh maith acu agus fonn foghlama orthu. Thagair na cigirí ó thráth go chéile do thosca comhthéacs agus do chúinsí i dtimpeallacht an tseomra ranga ina raibh an t-ábhar múinteora ag obair. I roinnt cásanna nótáil siad dea-shamplaí de mhic léinn i mbun oibre i gceantair faoi mhíbhuntáiste, ina raibh gníomhaíochtaí cuí socraithe acu do na daltaí agus nuair a d'fhreagair na daltaí dóibh le dúthracht. Nocht na cigirí tuairimí dearfacha nuair a shonraigh siad gur thug mic léinn treoracha dearfacha do dhaltaí agus nuair a leagadh amach go neamhbhalbh na torthaí foghlama a raibh súil leo. Mar sin féin, shonraigh siad cásanna inar chaith na leanaí a bheith ina n-éisteoirí fulangacha amháin agus inar mhó ar chás leis an ábhar múinteora, de réir dealraimh, an seomra ranga a choinneáil ciúin ná an fhoghlaim a chur chun cinn. Thug na cigirí faoi deara uaireanta gur caitheadh mórán ama ag eagrú daltaí chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus nár tugadh dóthain ama i mbun na ngníomhaíochtaí féin. Ar an gcuma chéanna, lig mic léinn luas na gceachtanna ó stiúir, agus chaill na daltaí a n-aird dá bharr.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair imní freisin:

Tuairimí dearfacha

Is léir ar dhíograis na ndaltaí go mbaineann siad taitneamh as na gníomhaíochtaí atá eagraithe ag an ábhar múinteora. Déanann siad a gcuid oibre go feidhmiúil agus tá fonn orthu a gcuid iarrachtaí a roinnt leis an gcuid eile den rang.

Tá stíl teagaisc breá fuinniúil ag an múinteoir agus coinnítear aird na leanaí agus tá siad gníomhach. Tá caidreamh oibre an-mhaith aige leis na leanaí agus éiríonn leis iad a chur ag obair go dúthrachtach.

Bhí na daltaí díograiseach agus dea-thiomanta, rud a dheimhnigh gur baineadh amach na torthaí foghlama a raibh súil leo. Léirigh siad fonn a bheith rannpháirteach san obair agus comhoibriú leis an ábhar múinteora agus lena gcomhscóláirí.

Bhí an t-atmaisféar sa seomra ranga seo dearfach agus chruthaigh sé bonn tacaíochta don fhoghlaim ag na leanaí. Ba léir ardchaighdeán den dea-iompar agus den chomhoibriú leis an mac léinn. Ba léir gur bhain na daltaí taitneamh as na ceachtanna.

Ábhair imní

Tá na daltaí díograiseach ina gcur chuige i mbun foghlama ach níl aon dúshlán ceart ann dóibh. Foghlaim de ghlanmheabhair is mó atá ar bun leis na heispéiris fhoghlama.

Cé go raibh an timpeallacht fhisiciúil slán agus oiriúnach, ní raibh na ceachtanna ró-spéisiúil ná ró-dhúshlánach agus níor cothaíodh tiomantacht ná díograis na ndaltaí. Ní raibh na daltaí cinnte go minic maidir leis an méid a bhí á iarraidh orthu.

Ainneoin timpeallacht mhíthaitneamhach an tseomra ranga bíonn idirphlé feidhmiúil ag an ábhar múinteora leis na daltaí agus coinnítear ardspéis agus arleibhéal gníomhaíochta san obair. Freagraíonn na daltaí go fonnmhar ach is cosúil nach bhfuil a ndóthain dúshláin i bhfiúntas na dtascanna a leagtar amach dóibh.

Moltaí chun caighdeán na foghlama ag na daltaí a fhorbairt

Tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh chun feabhas a chur ar chaighdeán na foghlama ag leanaí:

- Ba chóir do choláistí spreagadh a thabhairt do mhic léinn, agus iad ar chleachtadh múinteoireachta, na torthaí foghlama a bhfuil súil acu leo do gach ceacht a leagadh amach go soiléir
- Ba chóir a mheabhrú do mhic léinn go dtabharfaí deiseanna do dhaltaí a bheith gafa go gníomhach ina gcuid foghlama féin, agus ba chóir go mbeadh an fhoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht a bheith ina cuid lárnach den obair le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta.

Achoimre

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar cháilíocht na gcleachtas mheasúnachta ar bhain ábhair mhúinteoirí leas astu le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta. Ar na torthaí is suntasaí bhí:

- Ghnóthaigh níos lú ná leath na hábhair mhúinteoirí na gráid is airde maidir lena gcleachtas mheasúnachta
- Sonraíodh go raibh deacracht áirithe le measúnacht ag breis agus an tríú cuid de na mic léinn, agus measadh go raibh roinnt bheag díobh neamhéifeachtúil maidir leis an ngné seo dá gcuid teagaisc.

An mheasúnacht sa churaclam

Ba í an mheasúnacht an réimse deiridh a ndearnadh meastóireacht air. Sa churaclam, tugtar ról lárnach don mheasúnacht sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Sonraítear sa churaclam na heilimintí de gach ábhar ar chóir measúnacht a dhéanamh orthu agus moltar roinnt gnáthamh measúnachta a d'fhéadfaí a úsáid. Deirtear:


Chun fairsinge agus éagsúlacht na foghlama atá sa churaclam a chur san áireamh, moltar réimse uirlisí measúnachta éagsúla ann. Orthu seo tá uirlisí neamhfhoirmeálta ar nós breathnadóireacht an mhúinteora, obair ranga, obair bhaile agus plé le daltaí, agus uirlisí foirmeálta ar nós tástálacha diagnóiseacha agus tástálacha caighdeánacha. Moltar freisin uirlisí measúnachta ar nós tionscadail, pórtfóilíonna agus próifíleanna curaclaim ar féidir iad a úsáid chun nascadh a dhéanamh idir an cur chuige neamhfhoirmeálta agus foirmeálta (*An Curaclam Bunscoile: Réamhrá, lch 18*).

Critéir a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na measúnachta

Chun meastóireacht a dhéanamh ar an réimse seo úsáideadh na ceithre chritéar seo a leanas:

- a mhéid a úsáideadh réimse módanna, gnáthamh agus cleachtas measúnachta éifeachtach agus córasach
- a mhéid a ceartaíodh cóipleabhair agus samplaí oibre eile agus a ndearnadh monatóireacht orthu go rialta
- a mhéid a bhí éifeacht ag torthaí measúnachta ar theagasc agus ar eagrúchán an tseomra ranga
- a mhéid a coinníodh taifid ar dhul chun cinn na ndaltaí.

Gráid a bronnadh ar mhic léinn ar mheasúnacht



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid A go NE orthu ar gach ceann de na critéir mheasúnachta

	Réimse	Cóipleabhair	Torthaí	Taifi	Grád Iomlán
A	1%	0%	3%	1%	1%
B	15%	19%	20%	14%	18%
C+	24%	20%	17%	19%	24%
C	27%	18%	19%	17%	26%
D	8%	6%	8%	10%	11%
F	3%	3%	3%	0%	3%
NE	22%	34%	29%	38%	17%

Anailís ar na torthaí

Is í an ghné is suntasaí de na sonraí ná céatadán ard na gcásanna (17%) inar thuairiscigh na cigirí nár leor an fhianaise a bhí ar fáil chun caighdeán na gcleachtas measúnachta sa seomra ranga a ghrádú. Is deacair léirmhíniú cruinn a dhéanamh ar an toradh seo. Mar a sonraíodh cheana, ní dhéantar léamh dearfach ná diúltach de ghnáth ar ghrád NE. I gcás na measúnachta, ámh, is féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh fianaise ar chleachtas mheasúnachta ar fáil sa seomra ranga. Dá bhrí sin, ón uair nach bhfuil fianaise ar fáil, tá sé le tuiscint go bhfuil na cleachtas mheasúnachta do 17% de na mic léinn a ndearnadh meastóireacht orthu, easnamhach ar an gcuid is fearr de.

Is féidir talamh slán a dhéanamh de na sonraí, ar aon nós, a thugann le fios gur thug na cigirí gráid a bhí sármhaith, an-mhaith nó go maith ar a gcleachtas mheasúnachta do níos lú ná leath (43%) na mac léinn.



Measadh go raibh deacracht éigin le cúrsaí measúnachta ag breis agus an tríú cuid díobh, agus áiríodh go raibh roinnt bheag neamhéifeachtúil. Trí chéile, measadh go raibh réimse módanna agus gnáthamh measúnachta a bhí córasach agus éifeachtach ag níos lú ná leath na mac léinn. I líon cásanna eile dá leithéid céanna, measadh go raibh éifeacht ag torthaí na measúnachta ar theagasc agus ar eagrúchán sa seomra ranga. Áiríodh go raibh dea-thaifid ar dhul chun cinn na ndaltaí ag thart ar an tríú cuid de na mic léinn.

Tuairimí na gcigirí

Nocht na cigirí tuairimí dearfacha nuair a shonraigh siad réimse cleachtas measúnachta á chur i bhfeidhm agus nuair a thuig siad go raibh tuiscint ghlé ag ábhair mhúinteoirí ar thábhacht na measúnachta agus ar aischothú a thabhairt do dhaltaí. Shonraigh siad mórán cásanna ina ndearna na hábhair mhúinteoirí monatóireacht chúramach ar obair scríofa na ndaltaí agus inar scrúdaíodh obair thionscadail go cúramach. Nótáil siad samplaí freisin ina ndearna na hábhair mhúinteoirí measúnacht indibhidiúil ar obair roinnt leanaí agus inar chuathas i mbun cás-staidéar ar leanaí.

Thagair na cigirí go dearfach do na mic léinn a raibh torthaí foghlama sainiúla acu dá gceachtanna agus a bhí ábalta, dá bharr sin, ar mheasúnacht a dhéanamh ar na torthaí seo a bheith bainte amach nó gan a bheith ag na leanaí. Shonraigh siad freisin mórán samplaí breátha den athbhreithniú a rinne ábhair mhúinteoirí ar a gcuid oibre féin, inar léirigh siad léargais ghlé ar a bhfeidhmíocht féin agus inar phleanáil siad, ina dhiaidh sin, a gcur chuige a leasú i bhfianaise a gcuid torthaí. Thug na cigirí cásanna faoi deara freisin ina raibh na mic léinn éiginnte dá ról nuair a bhí daltaí gafa le gníomhaíochtaí ciúine. Nótáil siad gur ghluais roinnt mac léinn thart ar an seomra ranga ach nach ndearna siad aon chineál measúnachta nó nár thug siad ach beagán den aischothú do na daltaí. Shonraigh na cigirí, freisin, cásanna inar phléigh na hábhair mhúinteoirí leis an rang mar aonad ach nach ndearna siad measúnacht ar dhul chun cinn indibhidiúil na leanaí. I mórán cásanna bhí tuairimí na gcigirí diúltach nuair a shonraigh siad gurbh é an ceistiúchán an t-aon mhód measúnachta amháin a bhí ag an ábhar múinteora, agus nuair nár choinnigh siad aon taifead ar dhul chun cinn na ndaltaí. Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair imní freisin.

Tuairimí dearfacha

Tá fianaise ann go ndéanann an mac léinn monatóireacht ar obair scríofa agus go dtugtar aischothú dearfach do dhaltaí.

Tá teicníochtaí measúnachta ina ndlúthchuid den phróiseas múinteoireachta. Tá an t-ábhar múinteora ag foghlaim go críochnúil óna mheastóireacht agus óna machnamh agus tá sí an-aibí timpeall ar a cuid oibre.

Leag an t-ábhar múinteora cuspóirí soiléire amach dá cuid ceachtanna. Cruinníonn sí faisnéis ar dhul chun cinn na leanaí agus is léir go bhfuil sí ag foghlaim óna cuid measúnaithe agus machnaimh.

Rinneadh measúnacht ar chéad dréacht obair scríofa na leanaí agus bhí sé mar bhonn le dréachtanna eile.

Ábhair imní

Ba é an ceistiúchán an t-aon mhód measúnachta amháin. Gan éagsúlachtaí san áireamh.

Gan aon tagairt do ghnáthaimh mheasúnachta sna doiciméid phleanála.

Ní dhéanann an mac léinn monatóireacht chúramach ar obair scríofa daltaí. Ghluais sí thart ar an seomra ranga nuair a bhí na daltaí i mbun pinn ach ní dhearna sí iarracht ar bith a gcuid iarrachtaí a cheartú ná moltaí feabhais a thabhairt.

Moltaí chun caighdeán na measúnachta a fhorbairt


Tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh le súil feabhas a chur ar chaighdeán na measúnachta:

- Ba chóir do choláistí eiseamláirí soiléire breise den dea-chleachtas i réimse measúnachta na foghlama féin agus don fhoghlaim a thabhairt do mhic léinn
- Ba chóir do choláistí straitéisí éifeachtúla a chur ar fáil do mhic léinn chun dul chun cinn daltaí a thaifeadh.

Caibidil 7

GRÁID IOMLÁNA AR OBAIR NA MAC LÉINN

Rinne na cigirí machnamh ar na gráid a ghnóthaigh na mic léinn sna ceithre réimse a ndearnadh meastóireacht orthu, agus bhronn siad grád móriomlán ansin ar gach mac léinn. Léiríonn an graf agus an tábla thíos na gráid a bronnadh.



Céatadán na mac léinn ar bronnadh gráid ó A go NE orthu mar ghrád iomlán

A	3%
B	32%
C+	27%
C	27%
D	7%
F	5%
NE	0%

Anailís ar na torthaí

Sa mheastóireacht seo sonraíodh go raibh tromlach na n-ábhar oidí (62%) sármhaith, an-mhaith nó go maith ina gcuid oibre ginearálta sa seomra ranga. Tugadh grád cuibheasach do bhreis agus ceathrú díobh (27%), agus láidreachtaí acu ach roinnt laigí suntasacha acu freisin. Measadh go raibh deacracht choitianta ag roinnt bheag díobh (7%) lena gcuid múinteoireachta, agus measadh go raibh mac léinn amháin as gach fiche míshásúil.

Tuairimí na gcigirí

I mórán cásanna thrácht na cigirí go han-dearfach ar chaighdeán múinteoireacht ginearálta na mac léinn. Nótáil siad na scéimeanna pleanála cuimsitheacha a soláthraíodh go cúramach, an stíl idirghníomhach dhearfach a bhí ag na mic léinn agus iad ag plé le daltaí, na straitéisí bainistíochta ar ardchaighdeán ginearálta sa seomra ranga, agus iompar freagarthach, gafa na ndaltaí. Nótáil siad samplaí inar léir go raibh ábhair mhúinteoirí san airdeall maidir le riachtanais daltaí indibhidiúla agus ina raibh gníomhaíochtaí foghlama oiriúnacha socraithe acu chun freastal ar na riachtanais úd. Thrácht siad go dearfach, tríd is tríd, ar an mbealach muiníneach, teanntásach ina ndeachaigh mic léinn i mbun gníomhaíochtaí an tseomra ranga, agus ar an atmaisféar cruthaitheach, dearfach a cothaíodh sa seomra ranga. Thrácht siad go dearfach freisin ar na cásanna inar bhain mic léinn leas as dea-mhodhanna teagaisc agus ina raibh daltaí gafa go gníomhach sa phróiseas foghlama.

Léirigh na cigirí a n-ábhar imní, áfach, nuair nach raibh pleanáil na mac léinn sách soiléir agus fócasaithe agus nuair nach raibh machnamh críochnúil déanta ar na torthaí foghlama. Maidir le tromlach na mac léinn, nocht na cigirí a n-imní i dtaobh easpa na gcleachtas measúnachta. Chuir siad a n-imní in iúl freisin i gcás go raibh mic léinn ag brath go hiomlán ar chur chuige ranga-uile nó nuair a léirigh na mic léinn féin gníomhaíocht, seachas ligean do na daltaí dul i mbun na gníomhaíochta.

Seo a leanas rogha de thuairimí dearfacha na gcigirí agus roinnt dá n-ábhair imní freisin.

Tuairimí dearfacha

Tá ullmhúchán an-mhaith curtha ar fáil dá cuid oibre ag an ábhar múinteora seo agus déantar na gníomhaíochtaí foghlama a stiúradh go ciúin agus go héifeachtúil. Tá na daltaí an-freagarthach agus idirghníomhaíonn siad leis an múinteoir agus lena chéile go comhoibritheach agus go taitneamhach.

Tá tuiscint mhaith ag an mac léinn seo ar na scileanna is gá a bheith ag an dea-mhúinteoir. Idirghníomhaíonn sí go héifeachtúil lena daltaí agus úsáideann sí modheolaíochtaí cuí.

Ábhar múinteora coinsiasach í seo a bhfuil buanna aici agus a chaitheann le leanaí le dínit mhór. Déanann sí an-ullmhúchán dá cuid oibre agus cuireann sí timpeallacht an-spreagúil ar fáil dá cuid daltaí. Freagraíonn na leanaí go han-mhaith di.

Ábhair imní

Ní dhearna an mac léinn seo cumarsáid éifeachtúil leis an rang. Bhí an teacht i láthair in easnamh uirthi sa seomra agus bhí luas rómhall faoin gceacht. Bhí a cuid pleanála an-ghinearálta agus gan é saineúil a dhóthain.

Baineann easpa soiléireachta leis na torthaí atá i gceist do na ceachtanna ar breathnaíodh orthu.

Bhí na daltaí agus an múinteoir araon ina suí agus níor chuidigh sé seo le díograis a chothú don cheacht agus bhí luas an teagaisc thíos leis seo da réir.

Príomhthorthaí

Cuireadh an mheastóireacht seo ar obair shampla d'ábhair mhúinteoirí i gcrích nuair a bhí na mic léinn sna seachtainí deireanacha dá dtréimhse cheannchúrsa ar chleachtadh múinteoireachta i scoileanna. Le linn na meastóireachta scrúdaíodh na réimsí pleanála, teagaisc, foghlama agus measúnachta. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí.

Shonraigh an mheastóireacht seo go raibh tromlach na n-ábhar múinteoirí sármhaith, an-mhaith nó go maith ina gcuid oibre ginearálta sa seomra ranga. Mar sin féin, sonraíodh go raibh breis agus an tríú cuid díobh cuibheasach nó lag, agus measadh go raibh duine as fiche neamhéifeachtúil mar mhúinteoir.

I réimse na pleanála agus an ullmhúcháin ghnóthaigh an chuid is mó de na mic léinn grád sármhaith, an-mhaith nó go maith. Mar sin féin, cruthaíodh deacrachtaí do mhórán ábhar múinteoirí sna gnéithe a bhain le pleanáil don chomhtháthú tras-churaclaim agus le pleanáil do chur chuige idirdhealaithe chun freastal ar ábaltachtaí agus stíleanna foghlama éagsúla leanaí. Shonraigh an mheastóireacht freisin gur chuir tromlach na mac léinn réimse maith acmhainní ar fáil mar thacaíocht lena dteagasc agus gur úsáid siad iad seo go héifeachtúil sa seomra ranga. Ina ainneoin sin, áfach, thug na cigirí faoi deara nár baineadh dóthain úsáide as acmhainní ICT trí chéile.

Maidir le caighdeán an teagaisc, measadh gur léirigh an chuid is mó de na mic léinn teacht i láthair muiníneach sa seomra ranga agus go ndearna siad cumarsáid éifeachtúil lena gcuid daltaí. Measadh go ndearna an tromlach díobh bainistiú agus eagrú éifeachtúil ar ghníomhaíochtaí an tseomra ranga, gur bhain siad leas as réimse cuí modhanna teagaisc, agus gur úsáid siad dea-straitéisí ceistiúcháin. Mar sin féin, tugadh grád cuibheasach nó lag do bheis agus an tríú cuid de na mic léinn ar an mbealach inar úsáid siad modhanna teagaisc, agus bhain níos lú ná a leath díobh leas as na straitéisí is fiúntaí chun scileanna machnaimh ardchumais daltaí a fhorbairt. Ar an gcuma chéanna, réimse laige ginearálta ag tromlach na mac léinn ba ea an freastal ar ábaltachtaí agus stíleanna foghlama éagsúla na ndaltaí indibhidiúla. Tugadh grád sármhaith, an-mhaith nó go maith do níos lú ná duine as gach triúr ar an ngné seo dá gcuid oibre.

Maidir le caighdeán na foghlama, measadh sa mheastóireacht seo go raibh an fhoghlaim fheidhmiúil ar bun i dtromlach na seomraí ranga, agus sonraíodh go raibh na daltaí tiomanta, comhoibritheach agus go raibh fonn foghlama orthu le linn dóibh bheith faoi chúram na n-ábhar múinteoirí. Sa chuid is mó de na cásanna bhí an smacht go maith agus bhí meas ag na daltaí ar an gcód iompair a comhaontaíodh. Sonraíodh, ámh, go raibh thart ar dhuine amháin as gach triúr mac léinn easnamhach nó lag in obair chomhpháirtíochta a chur chun cinn i measc daltaí.

Maidir le caighdeán na measúnachta, shonraigh an mheastóireacht go raibh deacracht áirithe ag breis agus an tríú cuid de na mic léinn le cleachtais mheasúnachta a riaradh, agus áiríodh go raibh roinnt bheag neamhéifeachtúil sa ghné seo dá dteagasc.

Moltaí

Ag eascairt as na torthaí seo, tá na moltaí seo á ndéanamh le súil feabhas ginearálta a chur ar an dea-obair a chuireann ábhair mhúinteoirí i gcrích agus iad ar chleachtadh múinteoireachta.

Ba chóir do na coláistí eiseamláirí breise den dea-chleachtas pleanála in idirdhealú agus i gcomhtháthú a chur ar fáil do mhic léinn, mar aon le bonn réasúnaíochta a thabhairt dóibh chun an comhtháthú agus an t-idirdhealú a chur san áireamh ina gcuid pleanála. Ba chóir dóibh mic léinn a ghríosadh chun go mbeadh ábhar na gceachtanna dúshlánach do na daltaí uile, go háirithe dóibh siúd atá ar ardchumas.

Ba chóir do na coláistí a dheimhniú nach mbíonn mic léinn ag brath go hiomlán ar an gcur chuige rangau uile le linn an chleachtaidh mhúinteoireachta ach gur chóir dóibh réimse leathan modhanna a chleachtadh chun foghlaim na leanaí a chothú. Ba chóir dóibh eiseamláirí breise a chur ar fáil do mhic léinn chun go rachaidís i dtaithe ar straitéisí a ligeann do dhaltaí oibriú ar bhonn comhpháirtíochta le linn ceachtanna.

Ba chóir do na coláistí eiseamláirí níos soiléire a chur ar fáil do mhic léinn den dea-chleachtas i réimse measúnachta na foghlama féin agus don fhoghlaim. Ina theannta sin, ba chóir dóibh mic léinn a ghríosadh chun úsáid níos mó a bhaint as na hacmhainní ICT atá ar fáil cheana féin don teagasc agus don fhoghlaim i scoileanna.

Go ginearálta, moltar gur chóir do na coláistí a bheith gafa le hathbhreithniú seasta a dhéanamh ar a gcuid ionstraimí monatóireachta agus meastóireachta chun go dtabharfaí aitheantas cuí do na bunilimintí sa churaclam, an t-ábhar agus an próiseas araon.

Conclúidí

Thug an mheastóireacht seo deis iniúchadh a dhéanamh ar ghné lárnach den oideachas tosaigh do mhúinteoirí bunskoile. Eascraíonn ceisteanna tábhachtacha aisti don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus do na coláistí nuair a bheidh siad ag iniúchadh conas forbairt a dhéanamh ar chleachtadh múinteoireachta sa todhchaí.

De thoradh na gcomhráite a rinneadh leis na coláistí agus an athbhreithnithe ar na doiciméid a chuir siad ar fáil, mar aon le príomhthorthaí na meastóireachta seo, is féidir teacht ar na conclúidí seo a leanas maidir le caighdeán an chleachtaidh mhúinteoireachta sna cúig choláiste:

Rinne na coláistí dea-eagrúchán agus dea-bhainistíocht ar an gcleachtadh múinteoireachta. Rinneadh maoirseacht chúramach ar na mic léinn, agus bhí córais éifeachtúla i bhfeidhm chun a dheimhniú go raibh na gráid a bronnadh ar mhic léinn bunaithe ar mheastóireacht chothrom agus chórasach ar a gcuid oibre. Bhí gnáthaimh i bhfeidhm sna coláistí ar fad chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a raibh deacrachtaí acu. Thug na scoileanna a bhí gafa le cleachtadh múinteoireachta tacaíocht i gcónaí do na coláistí chun áiteanna allamuigh a thabhairt do mhic léinn.

Cé go bhfuil torthaí a cuid meastóireachta roinnte ag an gCigireacht riamh leis na coláistí ar leith, is é seo an chéad uair a ndearnadh sintéisiú ar na torthaí agus ar cuireadh iad i láthair i bhformáid ilchodach. Ceann de bhunchusupóirí na tuarascála é an t-idirphlé proifisiúnta a spreagadh tráth atá na forbairtí ag céim an oideachais thosaigh do mhúinteoirí á mbreithniú.

Obair foirne

I gcás na mac léinn ceannchúrsa, is é atá i gceist leis an ngnáthchleachtadh múinteoireachta ná go mbeadh rang faoina stiúir iomlán ar feadh roinnt seachtainí. De ghnáth, pleanálann agus eagraíonn an mac léinn an teagasc agus an fhoghlaim don lá iomlán. D'fhéadfaí a áiteamh go mbuanaíonn an múnla seo an tuairim go mbíonn an múinteoir scoite agus é nó í i mbun oibre, agus gur beag deis a thugtar don mhac léinn dul i dtaithí ar an gcomhthéacs leathan ina mbíonn an scoil ag feidhmiú, ná a bheith rannpháirteach i gceisteanna scoile-uile. Ba mhór an taithí do mhic léinn ceannchúrsa é cleachtadh a fháil ar an rannpháirtíocht i meitheal pleanála scoile, a bheith gafa san idirphlé le comhghleacaithe agus le daoine eile ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, nó san idirchaidreamh le tuismitheoirí. Dheimhneodh a ngafacht i ngníomhaíochtaí dá leithéid go dtosódh múinteoirí nuacheaptha amach ina ngairm bheatha agus iad daingean ina dtuairim go bhfuil freagrachtaí agus dualgais oideachasúla níos fairsinge orthu, mar aon leis an obair sa seomra ranga. Teachtaireachtaí tábhachtacha le tabhairt do mhic léinn atá ar tí dul i mbun ghairme mar mhúinteoir iad an bhraistint go mbaineann comhghleacaíocht agus obair foirne lena gcuid oibre agus gur pobail foghlama i mbun fáis iad na scoileanna.

Ról an mhúinteoir ranga

Faoi láthair, is féidir go mbeidh mac léinn ar chleachtadh múinteoireachta ag múinteoir bunaithe ina s(h)eomra ranga ar feadh roinnt seachtainí. Ní bhíonn aon bhaint fhoirmeálta acu, áfach, le maoirseacht, le comhairliú ná le measúnacht a dhéanamh ar obair an mhic léinn. Gníomhaíonn daoine eile, a bhíonn ar conradh ag na coláistí nó atá ina gcomhaltaí foirne de na coláistí, mar mhaoirseoirí. Cé go dtugtar tuairisc iomlán ar an obair do mhaoirseoirí ón taobh amuigh sula dtéann siad ina bun, ní bhíonn aon teagmháil fhoirmeálta acu leis na mic léinn roimh an chuart orthu sna seomraí ranga ná ina diaidh. Bíonn teagmháil éigin ag comhaltaí foirne na gcoláistí leis na mic léinn i gcaitheamh na bliana, ach bíonn teorainn leis na cuairteanna a thugann na maoirseoirí ar mhic léinn agus iad ar chleachtadh múinteoireachta. Bíonn an múinteoir ranga, ar an lámh eile, in éineacht leis an mac léinn i gcaitheamh an lae. Beidh dlúthaithe ag an múinteoir ar na daltaí agus ar thosca comhthéacs na scoile agus d'fhéadfadh sé nó sí cur leis an mheastóireacht ar chleachtas an mhic léinn. De bhreis air sin, trína saineolas, a dtaithí agus a léargais a roinnt le mic léinn, is féidir leis na múinteoirí ranga cur go suntasach lena bhforbairt phroifisiúnta. D'fhéadfadh an chomhghleacaíocht a bhunaítear ar an tslí sin tairbhe fhadtréimhseach a dhéanamh don mhac léinn agus don mhúinteoir araon. Thabharfadh córas meastóireachta a chuirseodh na múinteoirí ranga, aitheantas don mhéid is féidir le múinteoirí bunaithe a dhéanamh d'fhorbairt na múinteoireachta mar ghairm, agus dlús a chur léi.

Breathnaítear anois ar an oideachas tosaigh do mhúinteoirí sa chuid is mó de thíortha an OECD, mar atá sonraithe in áit eile sa tuarascáil seo, mar chéad chéim ar chointeanóid forbartha proifisiúnta do mhúinteoirí. Shonraigh tuarascáil ar mhúinteoirí nuacháilithe le deireanas, *Ag Tosú ag Múineadh*, gurb iad na príomhoidí scoile agus na comhghleacaithe is fearr a chuidigh le múinteoirí nua agus iad ar a mbliain phromhaidh (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005, lch. 68). Laistigh d'fhís nua d'oideachas múinteoirí, ina dtéann na céimeanna forbartha chun cinn gan cháim ón oideachas tosaigh do mhúinteoirí tríd an insealbhú go dtí an fhorbairt phroifisiúnta leanúnach, baineann suntas nua le ról na n-oidí múinte i scoileanna. Dúshlán agus deis araon é, don am atá romhainn, ról meantóireachta múinteoirí a fhorbairt do chomhghleacaithe nuacheaptha agus do mhic léinn ar chleachtadh múinteoireachta, lena chois sin.

Páirtnéireachtaí le scoileanna

Faoi láthair, tá comhaontuithe neamhfhoirmeálta ag coláistí le scoileanna faoina nglactar le mic léinn ar chleachtadh múinteoireachta gach bliain. Tá dea-chaidreamh bunaithe idir na scoileanna agus na coláistí, agus cé go bhfuil obair dhúshlánach eagrúcháin ann, éiríonn leis na coláistí taithí allamuigh rafar a shocrú gach bliain do na mic léinn ar fad. Mar sin féin, bheadh tairbhe don dá thaobh ag baint le páirtnéireacht oibre níos foirmeálta agus níos dlúithe idir na bunscoileanna agus na coláistí. Ach a fhios a bheith acu go maith roimh ré cén líon mac léinn a nglacfaidh scoil leis gach bliain, bheadh ar chumas na gcoláistí pleanáil straitéiseach níos fearr a dhéanamh ar chlár an chleachtaidh mhúinteoireachta agus réimse cuimsitheach eispéireas teagaisc a sholáthar dá réir dá mic léinn. Ar an gcuma chéanna, thabharfadh dlúthchaidreamh oibre idir coláiste agus scoil deiseanna do mhic léinn agus do mhúinteoirí bunaithe dul i mbun tionscadal taighde gníomhaíochta gearrthréimhseach ar cheisteanna a bheadh sonraithe mar thosaíochtaí forbartha laistigh den scoil. D'fhéadfadh an scoil leas a bhaint as an saineolas taighde a bheadh ar fáil sa choláiste agus dheimhneofaí go mbeadh mic léinn, mar chuid dá dtascanna coláiste, gafa le ceist fhírinneach phraiticiúil a bhain go dlúth leis an scoil.

Comhthéacs don fhorbairt bhreise

Tá tráth cinniúnach buailte linn in Éirinn i dtéarmaí na forbartha ar pholasaithe oideachais do mhúinteoirí. Tugadh forbheathnú cuimsitheach agus léargais ar oideachas bunscoile in Éirinn i dtuarascáil an mheitheal oibre ar an oideachas bunscoile réamhsheirbhíse do mhúinteoirí, *Ag Ullmhú Múinteoirí don 21ú hAois* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2002). Laistigh de chomhthéacs a dhéanann athchoincheapú ar oideachas tosaigh mhúinteoirí, rinneadh moltaí an-sonracha maidir le tréimhse ama na gclár, an t-ábhar agus an struchtúr a bhain leo, módanna meastóireachta agus an gá le hathrú ar leibhéal institiúideach. Le deireanas, mar fhreagra ar an tábhacht a aithníodh go coitianta a bhain leis an insealbhú ar an gcointeanóid oideachais do mhúinteoirí, bunaíodh Tionscadal Píolótach Náisiúnta ar Insealbhú Múinteoirí i 2002, agus tá sé seo ag leanúint den taighde ar mhúnlaí insealbhaithe a bheadh oiriúnach do mhúinteoirí agus do scoileanna na hÉireann. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ghlac Éire páirt ghníomhach i staidéar de chuid an OECD le deireanas a raibh an tuarascáil, *Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers* (OECD, 2005) mar thoradh air. Sholáthraigh an tuarascáil seo forbheathnú agus anailís shoiléir ar an oideachas do mhúinteoirí ar leibhéal an OECD agus rianaítear inti roghanna polasaithe a d'fhéadfadh tíortha a chur san áireamh agus iad ag athbheithniú agus ag forbairt a gclár oideachais do mhúinteoirí. Comhthreomhar leis sin, agus i gcomhthéacs cloí le spriocanna Straitéis na Liospóine, thionscain Coimisiún na hEorpa próiseas comhairlitheach i 2004 chun *Common European Principles for Teacher Competences and Qualifications* a iniúchadh. Soláthraíonn na prionsabail chomónta seo, atá



frámaíthe i gcomhthéacs na cointeanóide oideachais do mhúinteoirí, tuinseamh d'fhorbairt polasaithe a fheabhsóidh caighdeán agus éifeachtúlacht an oideachais do mhúinteoirí go náisiúnta agus ar fud na hEorpa. Lena chois sin, faoi Chomhaontú Bologna 1999, shocraigh Airí Oideachais na hEorpa comhoibriú le chéile chun glacadh le córas céimeanna ollscoile inchomparáide ina mbeadh dhá phríomh-thimthriall, fochéime agus iarchéime, a dtiocfadh céim mháistreachta nó dochtúireachta as an dara ceann díobh. Ar deireadh, ar an leibhéal náisiúnta, clochmhíle thábhachtach é bunú na Comhairle Múinteoireachta, arb iad a bunfheidhmeanna an mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú mar ghairm.

Á dtógáil le chéile, tá impleachtaí ag na tuarascálacha agus na tionscnaimh éagsúla seo d'fhorbairt polasaithe oideachais do mhúinteoirí in Éirinn. Tugann siad deis uathúil agus thráthúil do lucht déanta polasaithe stocáireamh a dhéanamh, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach ina bhfeidhmeoidh oideachas múinteoirí san am atá romhainn, agus plean straitéiseach d'earnáil lárnach seo an oideachais a fhorbairt.

AGUISÍN 1

SCEIDEAL MEASTÓIREACHTA

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2004

Meastóireacht na gCaighdeán ar Chleachtadh Múinteoireachta – Sceideal Meastóireachta

Sonraí scoile

Contae	Uimhir Rolla number
Ainm agus seoladh na Scoile (<i>úsáid teideal oifigiúil</i>)	

An t-ábhar múinteora

Uimhir	Coláiste
--------	----------

Rang	Líon daltaí i láthair	Dáta na cuairte	Am na cuairte	Cód (úsáid oifige amháin)
------	-----------------------	-----------------	---------------	---------------------------

Comhthéacs an tseomra ranga

Obair a rinneadh le linn na cuairte

Achomaire ar an tuairim mheastóireachta (líon isteach an rannóg seo le do thoil iar chomhlánú an teimpléid):

Grád Iomlán:

--

Scéim Ghrádaithe			
A	Sármhaith: feidhmíocht den scoth	B	An-mhaith: feidhmíocht chumasach
C+	Go maith: feidhmíocht éifeachtúil	C	Cuibheasach: réimse láidreachtaí, agus laigí suntasacha
D	Sásúil: Ag sonrú deacrachtaí.	F	Míshásúil: feidhmíocht neamhéifeachtúil
NE	Gan fianaise ar bith ann do na critéir seo		



A. Pleanáil agus Ullmhúchán

	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Rianaíonn aidhmeanna agus ábhar atá ag teacht leis an gcuraclam							
2 Cuireann cuspóirí teagascúla san áireamh							
3 Léiríonn na prionsabail churaclaim a bhaineann le hábhar							
4 Rianaíonn ábhar ceachtanna agus gníomhaíochtaí cuí							
5 Déanann soláthar d'éagsúlacht indibhidiúil							
6 Déanann soláthar do leanúnachas agus do dhul chun cinn							
7 Cuimsíonn an comhtháthú agus cuireann béim ar nascanna tras-churaclaim							
8 Cuireann pleanáil do sholáthar acmhainní san áireamh							
9 Déanann soláthar d'athbhreithniú agus do mheastóireacht							

Tuairim

Grád:

--

B. Caighdeán an Teagaisc

Bainistíocht agus eagrúchán an tseomra ranga	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Cothaíonn atmaisféar dearfach sa seomra ranga							
2 Éifeachtúlacht chumarsáide an mhúinteora							
3 Cuimsíonn luas teagascúil cuí							
4 Cothaíonn inspreagadh, spéis agus dea-iompar							
5 Daltaí gafa i bhfoghlaim sa seomra ranga							
6 Cuimsíonn cuid na ndaltaí agus tógann ar a gcuid eispéireas							
7 Leagann ionchais arda amach mar dhúshlán do dhaltaí							
8 Úsáideann teicnící ceistiúcháin éifeachtúla							
9 Seiftiúlacht ag plé le ceisteanna a thagann chun cinn							
10 Cothaíonn an fhoghlaim neamhspleách agus obair chomhpháirtíochta idir daltaí							
11 Déanann athbhreithniú seasta ar an gceacht							
12 Déanann monatóireacht ar obair bhaile							

Tuairim

Grád:

--

Modheolaíocht	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Straitéisí agus modheolaíochtaí teagaisc cuí agus éagsúil							
2 Cuimsíonn na straitéisí agus modheolaíochtaí réimse leathan ábhar agus acmhainní coincreideacha a úsáid							
3 Ceachtanna struchtúrtha agus iad nasctha go loighciúil							
4 Tugann na modheolaíochtaí deiseanna do dhaltaí a bheith rannpháirteach in obair chomhpháirtíochta (grúpaí, péirí)							
5 Nasc le heolas agus le scileanna daltaí							
6 Leagann béim ar fhorbairt scileanna machnaimh ardchumais							
7 Déanann soláthar d'éagsúlachtaí indibhidiúla (ábaltachtaí/stíleanna foghlama)							
8 Déanann soláthar do chomhtháthú ábhar/chur chuige tras-churaclaim							

Tuairim

Grád:	
-------	--

Acmhainní	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Leas éifeachtúil bainte as acmhainní cuí agus IT san áireamh i bhfeidhmiú an chláir teagaisc agus foghlama							
2 Cruthaíonn timpeallacht fhoghlama spreagúil							
3 Socraíonn grúpaí/suíocháin ar bhealach cuí							

Tuairim

Grád:	
-------	--



C. Caighdeán na Foghlama

Atmaisféar	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Atmaisféar an tseomra ranga slán agus taitneamhach							
2 Cothaíonn atmaisféar an tseomra ranga idirghníomhaíocht, freagairt agus an fhoghlaim fheidhmiúil							
Iompar							
3 Tá cód iompair ann a bhfuil meas air							
Foghlaim na ndaltaí							
4 Cothaíonn agus tugann gríosadh d'inspreagadh agus spéis na ndaltaí							
5 Tá na daltaí díograiseach agus feidhmiúil ina gcuid oibre agus tá faobhar orthu agus tá siad tiomanta do chur i gcrích an tasc idir lámha							
6 Tá na daltaí gníomhach ina gcuid foghlama, tugann siad cluas le héisteacht agus tá a dtuiscint le sonrú ar chaighdeán a gceistiúcháin féin agus ar a bhfreagraí ar cheisteanna							
7 Léiríonn na daltaí fonn a bheith rannpháirteach, fonn comhoibriú lena gcomhscoláirí agus lena múinteoirí ina gcuid foghlama							
8 Tá foghlaim na ndaltaí ar leibhéal agus ar luas a mbeifí ag súil leo i ngach réimse curaclaim							

Tuairim

Grád:	
-------	--

D. Measúnacht sa seomra ranga

Módanna measúnachta	A	B	C+	C	D	F	Gan aon fhianaise
1 Tá réimse módanna, gnáthamh agus cleachtas measúnachta ann atá córasach agus éifeachtach							
2 Déanann ceartú agus monatóireacht rialta ar chóipleabhair agus ar shamplaí oibre eile							
Torthaí measúnachta							
3 Bíonn éifeacht ag torthaí measúnachta ar theagasc agus ar eagrúchán an tseomra ranga							
4 Coinníonn taifid ar dhul chun cinn na ndaltaí							

Tuairim

Grád:	
-------	--

Cannon, Pádraig (2004), "Teaching practice in colleges of education in the Republic of Ireland" in Andy Burke (ed.), *Teacher Education in the Republic of Ireland: Retrospect and Prospect*, Ard Mhacha: Ionad Staidéir Tras-Teorann

Coolahan, John (2004), "The historical development of teacher education in the Republic of Ireland" in Andy Burke (ed.), *Teacher Education in the Republic of Ireland: Retrospect and Prospect*, Ard Mhacha: Ionad Staidéir Tras-Teorann

Comhairle Aontas na hEorpa (2004), *Education and Training 2010: The Success of the Lisbon Strategy Hinges on Urgent Reforms.*

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002), *Preparing Teachers for the 21st Century: Report of the Working Group on Primary Preservice Teacher Education*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005), *Beginning to Teach: Newly Qualified Teachers in Irish Primary Schools*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, *Chód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

Rialtas na hÉireann (1998), *An tAcht Oideachais, 1998*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

Foilseacháin an Rialtais (1999) *"An Curaclam Bunscoile: Réamhrá"*, Baile Átha Cliath.

An tEagrais um Chomhoibriú agus um Fhorbairt Eacnamaíochta (2005), *"Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers"*, Páras: OECD.